Réamhrá

1. Cad is Gaelscoil ann? 05

2. An Dátheangachas 06
Céard is dátheangachas ann? 06
An tOideachas Dátheangach 06
a. Tacaíocht do Ghaelscoileanna 06

3. Tumoideachas 08
a. Cad a tharlaíonn i rang na Naíonán? 09
b. Modhanna agus straitéisí tumtheagaisc i rang na naíonán bunaithe ar dhea-chleachtas 09
c. Cumarsáidithe Éifeachtachta 09
d. Cén fáth na botúin agus conas dul i ngleic leo? e. Straitéisí eile foghlama inmholta 10

4. Moltaí maidir le labhairt na Gaeilge 12
a. Moltaí maidir le labhairt na Gaeilge do bhunranganna
b. Moltaí maidir le labhairt na Gaeilge d'ardranganna 12
c. Ról an mhúinteora 12
d. Scéim Luacha na Gaeilge 13
e. Straitéisí úsáideacha ar leibhéal ranga agus scoile 13

5. Ullmhúchán don litearthacht 14
10. Tús na léitheoireachta 14
11. Tuismitheoirí agus an léitheoireacht 14

6. An bhfuil an Córas Tumoideachais oiriúnach do gach éinne? 16
a. Riachtanais Speisialta sa Ghaelscoil 16
b. Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga 16
c. Daltaí gan Ghaeilge sa bhaile 16
d. Fáilte roimh ár n-inimircigh 16
e. Páistí ag teacht isteach déanach sa Chóras 16

7. Measúnú 18

8. Úsáid na Teicneolaíochta 19
a. Tionscadal ríomhchairde do pháistí 19
b. Suíomh Gréasáin Scoile 19
c. Na meáin shóisialta 19
d. Forbairt Ghairmiúil TFC 19

9. An Bord Bainistíochta 20
a. Ról an Bhoird Bhainistíochta 20
b. Nósanna Imeachta an Bhoird 20
c. Oiliúint do Bhord Bainistíochta 20
d. Faomhadh an pholasaí 20
e. Timpeallacht Ghaeilge 20
f. Polasaí Seach-churaclaim 20

10. Margaíocht ar an scoil lán-Ghaeilge 22
a. Tábhacht na margaíochta sa scoil lán-Ghaeilge 22
b. Forbairt scoilphobail 23

11. Foireann na Gaelscoile 24
a. Earcaíocht Foirne 24
b. Foireann Teagaisc 24
c. Bainistíocht Inmheánach Scoile 24
d. An Príomhoide 25
e. Foireann Bhreise 25

12. Leanúntas in Oideachas Múinteoirí 26
a. Ionduchtú 26
b. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach 26
c. An Chomhdháil Bhliantúil 27
d. An Príomhoide 27
e. Ríomhfhoghlaim 27
f. An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí 28
g. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta 28

13. Tuismitheoirí 29
a. Cruinnithe Eolais do Thuismitheoirí 30
b. Cruinnithe Múinteoirí/Tuismitheoirí 30
c. Obair Bhaile 30
d. Teaghlaigh lán-Ghaeilge 30
e. Tuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta 30
f. Cumann na dTuismitheoirí 30

14. Leanúnachas sa Chóras Gaeloideachais 32
a. An Naíonra 32
b. Iarbhunscolaíocht 32

15. An Ghaeilge sa Chlós 33
a. Cén fáth a bhfuil gá le polasaí Gaeilge don chlós? 33
b. Ullmhúchán roimh chlós 33
c. Amuigh sa chlós 33
d. Iarchlós 34
e. Cluichí Clóis 34
f. Laethanta Fliucha 34

Críoch 37

Eagarfhocal

Ag cur na bhforbairtí san áireamh a tharla sa ghaelscolaíocht, san oideachas agus sa tsochaí i gcoitinne le hocht mbliana anuas tá cinneadh glactha ag **Gaeloideachas** *'Ár bPolasaí Gaeilge,'* polasaí Gaeilge do ghaelscoileanna a foilsíodh ar dtús in 2005, a uasdátú agus a leasú mar áis tacaíochta do scoileanna.

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe lorg **Gaeloideachas** tuairimí bhaill na scoileanna trí shuirbhé a dhéanamh agus tá na tuairimí sin curtha san áireamh san atheagrúchán seo. Gabhaimid buíochas le gach scoil a chuir le héifeacht agus le cuimsitheacht an leabhráin seo trí aiseolas fíorluachmhar a thabhairt. Is trí thuiscint ar an gcleachtas sna scoileanna lán-Ghaeilge a thagann tuiscint ar an gcineál treoirleabhair atá de dhíth ar scoileanna. Agus is treoirleabhair é atá lán le moltaí praiticiúla, fiúntacha agus nuálacha le triail a bhaint astu sa scoil.

Mar is eol dúinn, is é an gaeloideachas ceann de na réimsí oideachais is mó a d'fhás agus a d'fhorbair in Éirinn le 40 bliain anuas. Mar eagraíocht chomhordaithe agus tacaíochta na scoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn náisiúnta, is ábhar mór bróid é do **Gaeloideachas** a bheith chun tosaigh i bhforbairt earnáil na scoileanna lán-Ghaeilge. Aithnítear tríd an *Straitéis 20 bliain don Ghaeilge* gurb é réimse an ghaeloideachais croílár fhorbairt agus thodhchaí na straitéise don Ghaeilge.

Is é príomhaidhm **Gaeloideachas** ná an ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag **Gaeloideachas** feasacht agus tuiscint an mhórphobail ar choincheap agus ar luachanna an tumoideachais Ghaeilge a ardú agus a fheabhsú.Tá an ghaelscolaíocht á cur chun cinn mar oideachas atá todhchaíoch agus dúchasach agus déantar gach iarracht na prionsabail sin a léiriú tríd an leabhrán seo.

Is mian linn ár mbuíochas mór a ghabháil le Niamh Ní Mhaoláin a rinne an obair eagarthóireachta ar an leabhrán seo dúinn arís. Is iontach an tsaintuiscint agus tsaintaithí atá ag Niamh ar fheidhmiú, ar luach agus ar dheiseanna forbartha na hearnála, agus is chun leasa na scoileanna a roinneann sí an saineolas sin linn.

Tá an leabhrán seo ar fáil anois in dhá fhormáid – leagan clóite agus leagan PDF a fhoilseofar ar an suíomh gréasáin www.gaelscoileanna.ie. Cuirfear go leanúnach leis an leagan PDF de réir mar a thagann forbairtí san earnáil agus moltaí ó scoileanna chun cinn. Fáilteoimid dá réir sin i gcónaí roimh bhur moltaí.

Le gach rath ar obair agus ar phobal uile na scoile.

Bláthnaid ní Ghréacháin
Ardfheidhmeannach

Réamhrá

Cuireann an leabhrán seo ar chumas na scoileanna a gcuid taithí féin maidir le pleanáil agus féinmheasúnú scoile do pholasaí Gaeilge a chur i gcomhthéacs an tsuímh timpeall na tíre. Tá scoileanna ag céimeanna difriúla den phleanáil agus den fhéinmheastóireacht scoile don Ghaeilge gan amhras. Is féidir an leabhrán seo a úsáid mar fhoramharc ar an bpolasaí atá ag scoil cheana nó mar threoir do scoileanna atá ag déanamh athbhreithnithe ar a gcuid cleachtas. Tugann sé tacaíocht do scoileanna dul chun cinn a dhéanamh maidir lena bpolasaí Gaeilge a cheapadh agus lena bhfís scoile a fhorbairt níos iomláine. Tugann sé deis do scoileanna tosaíochtaí a aithint agus tosaíochtaí a shocrú más gá. Deis atá anseo chomh maith an dea-chleachtas gaelscolaíochta atá le sonrú timpeall na tíre a dhearbhú agus a chraobhscaoileadh i measc an pholasaí oideachais i gcoitinne. Cé nach mar a chéile go díreach iad na cúinsí a bhaineann le gach gaelscoil, is líonmhaire go mór iad na cosúlachtaí a bhíonn eatarthu ná na difríochtaí. Cuimsíonn an polasaí Gaeilge raon leathan de réimsí; réimsí curaclaim, réimsí bainistíochta agus réimsí eagrúcháin san áireamh. Níl sé i gceist sa leabhrán seo díriú ar chúrsaí curaclaim ach cuirtear san áireamh uaireanta nach mbíonn na teorainneacha eatarthu chomh soiléir sin, mar go mbíonn cuid mhór den phleanáil curaclaim ceangailte le ceisteanna eagrúcháin agus is iomaí uair a bhíonn baint ag pleanáil eagrúcháin le cleachtaí riaracháin agus le nósanna imeachta a théann i bhfeidhm ar an gcuraclam.

Is gnéithe tábhachtacha den phleanáil forbartha agus den fhéinmheastóireacht scoile iad an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht. Caithfidh scoileanna struchtúr a chur ar bun a mheallfaidh rannpháirtíocht ón bhfoireann, ón mbord bainistíochta, ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí chun an polasaí Gaeilge a neartú don todhchaí. Ní mór do scoileanna dul i gcomhairle leis an reachtaíocht is déanaí, le himlitreacha atá cothrom le dáta agus leis an gcuraclam. Ní foláir do scoileanna teacht ar straitéisí scoile chun taifeadadh, meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar an obair idir lámha .

Ar deireadh is faoin mBord Bainistíochta an polasaí Gaeilge a fhaomhadh. Tá an dualgas ar an mBord an polasaí faofa a chur in iúl do phobal uile na scoile go rialta.

1.

Cad is Gaelscoil ann?

Is bunscoil í an ghaelscoil a fheidhmíonn faoi ghnáthrialacha na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá sé mar aidhm ag an ngaelscoil sárchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil. Cothóidh an Ghaelscoil an dátheangachas suimíoch agus an délitearthacht chomhionann agus beidh gach gné den oideachas atá ar fáil trí mheán an Bhéarla, idir churaclam agus eispéireas foghlama, móide sealbhú na Gaeilge ar fáil. Déanann an ghaelscoil gach gné den oidhreacht Ghaelach a fhorbairt. Cuirtear ceol, rince, drámaíocht agus eile chun cinn ionas gur féidir leis an dalta é/í féin a f(h)orbairt de réir a p(h)earsantachta agus a (h)ábaltachta féin. Is í an Ghaeilge bunchloch na scoileanna agus is iad na páistí croílár na gaelscolaíochta. Is orthu siúd atáimid ag brath chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile. Is é an ról atá ag na páistí ná a gcion féin a dhéanamh ní hé amháin ar a son féin ach ar son na scoile agus na sochaí agus teacht ar an gcinneadh pearsanta gur leo an teanga agus is amhlaidh is tapúla a shealbhóidh siad í agus a láimhseálfaidh siad ábhair chasta inti.

Seasann an ghaelscoil mar scoil lán-Ghaeilge ar pholasaí dearfach i leith labhairt na Gaeilge agus ar chur i bhfeidhm éifeachtach an pholasaí sin:-

1. ag an mbord bainistíochta agus ag an gcumann tacaíochta/cairde na scoile/coiste tuismitheoirí,
2. i gcomhfhreagras le hinstitiúidí oifigiúla,
3. i measc na foirne - múinteoirí agus foireann tacaíochta,
4. idir múinteoirí agus daltaí i rith am scoile agus in aon imeacht iarscoile faoi stiúir na bainistíochta a mbíonn na daltaí páirteach ann,
5. mar ghnáthnós laethúil i measc na ndaltaí.

Tá sé tábhachtach mar sin go mbeadh tuiscint chomhaontaithe ar shainmheon na gaelscoile. Ba chóir an sainmheon seo a bheith soiléir i bpolasaithe Bhord Bainistíochta na scoile. Is gá fealsúnacht na gaelscoile a mhíniú go cruinn do thuismitheoirí nua agus a gcuid tacaíochta a lorg le cabhrú le haidhm na scoile a chur i gcrích. Beifear ag súil go mbeidh tiomantas acu don Ghaeilge. Molann Gaelscoileanna Teo. sula gcláraítear aon pháiste mar dhalta sa ghaelscoil ba chóir a mhíniú don tuismitheoir/gcaomhnóir má shíníonn sé/sí an fhoirm chlárúcháin go bhfuil sé/sí ag glacadh le polasaí Gaeilge na gaelscoile. Ba chóir go mbeadh an Polasaí Gaeilge luaite go sonrach ar an bhfoirm chlárúcháin. Beidh sainmheon na gaelscoile go soiléir le feiscint i spriocráiteas na gaelscoile a bheidh ag crochadh go poiblí, aontaithe ag pobal na scoile. Bíonn áit an-lárnach ag an nGaeilge i gcód iompair na scoile chomh maith. Ar deireadh an ghné is sainiúla den ghaelscolaíocht ná an t-iompar teanga.

Glacann foirne na ngaelscoileanna mar dhualgas orthu féin gach deis a thabhairt do na páistí an cultúr a bhlaiseadh taobh amuigh den scoil trí thurais Ghaeltachta, drámaí Gaelacha agus féilte Gaelacha a chur os a gcomhair. Déantar gach iarracht sa ghaelscoil foclóir atá riachtanach don chumarsáid nua-aoiseach a chur i mbéal na ndaltaí. Is deacair teanga chumarsáide an chlóis a bheith slán gan teanga riartha, teanga phobail agus meán múinte na scoile a bheith mar thacaíocht láidir aici. Is dúshlán an-mhór é seo don ghaelscolaíocht i gcónaí. Is é ról na foirne trí chéile ná rialacha atá soiléir maidir leis an nGaeilge labhartha a aontú le chéile agus leis na daltaí agus ansin iad a chur i bhfeidhm. De ghnáth reáchtálfar ranganna Gaeilge, céilithe agus araile chun tuismitheoirí a spreagadh le Gaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, go háirithe i dtimpeallacht na scoile. Tá Gaelscoileanna Teo. tar éis obair a dhéanamh ar threoirlínte do scoileanna lán-Ghaeilge maidir le scoilphobal a fhorbairt agus tá cóip ar fáil ar an suíomh gréasáin faoi 'acmhainní'.

2.

An Dátheangachas

Céard is Dátheangachas ann?

Deir an litríocht linn go bhfuil os cionn 60% de mhuintir an domhain dátheangach, is é sin go mbaineann siad leas as dhá theanga nó níos mó ina saol laethúil.
Cad is dátheangach ann? Ceist chasta í seo. (Ó hAiniféin 2008) An duine é/í atá in ann dhá theanga a úsáid? Clúdaíonn an tuairim sin réimse cumais an-leathan - ón duine atá in ann cúpla focal a rá i dteanga eile go dtí an duine atá ar aon leibhéal cumais sa dá theanga. Is téarma coibhneasta é an dátheangachas. Ciallaíonn sé difríochtaí i bhfeidhm na teanga. Toisc go bhfuil sé deacair sainmhíniú beacht a thabhairt ar an dátheangachas breathnaítear go minic air mar chuid de chontanam. Is fíorannamh, áfach, a bhíonn dhá theanga ar chomhchaighdeán ag aon duine a bhfuil dhá theanga aige/aici. Is gnáthrud freisin ag an duine dátheangach go mbíonn sé/sí níos mó ar a c(h)ompord nuair a bhíonn sé/sí ag caint faoi ábhair áirithe i dteanga amháin ná i dteanga eile. Mar a deir Colin Baker (1998):

'To expect someone to be exactly equally fluent in two languages is a simplistic view of bilinguals. Bilinguals are sometimes expected to be monolinguals inside one person. This viewpoint is unreal and mistaken.'

An tOideachas Dátheangach

Cuirtear oideachas dátheangach ar fáil do pháistí san iliomad tíortha ar fud an domhain. Dar le Kenner & Gregory (2003) tá níos mó páistí dátheangacha ná aonteangacha ar domhan agus tá níos mó díobh ag fáil a gcuid oideachais go dátheangach nó tríd an dara teanga ná mar atá á fháil sa mháthairtheanga. Molann Comhairle na hEorpa

'Strong bilingual, educational models which aim to equip the future adult with real bilingual or plurilingual proficiency, and in particular biliteracy should be implemented whenever possible.'

Tacaíonn an t-oideachas dátheangach go suntasach le sprioc teanga an Aontais Eorpaigh a bhaint amach, is é sin dhá theanga a bheith ag gach saoránach Eorpach de bhreis ar a m(h)áthairtheanga.
Léiríonn an staidéar idirnáisiúnta atá déanta ar pháistí dátheangacha go bhfuil dearcadh ar leith ag páiste dátheangach ar fhocail, dearcadh nach bhfuil ag páiste aonteangach. Bíonn a fhios ag an bpáiste go bhfuil níos mó ná bealach amháin ann chun cur síos a dhéanamh ar rud éigin. Is féidir le páistí foghlaim faoi rud éigin i dteanga amháin agus labhairt faoi i dteanga eile, agus cuidíonn an próiseas seo leo tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar. Toisc go bhfuil dlúthcheangal idir teanga agus smaoineamh tá tionchar aige ar chumas smaointeoireachta an pháiste. Dar leis na saineolaithe cuireann an duine dátheangach níos mó tábhachta le brí an fhocail agus leis an smaoineamh taobh thiar de ná mar a chuireann sé/sí leis an bhfuaim agus is féidir leis sin cur le cumas plé le smaointe teibí. Áirítear buntáistí sóisialta chomh maith mar go mbíonn ar an bpáiste dátheangach cinneadh a dhéanamh go minic cé acu teanga is fearr chun labhairt le daoine áirithe. Meastar go mbíonn an duine dátheangach níos tuisceanaí agus é/í ag plé le daoine ná mar a bhíonn an páiste aonteangach agus scileanna sóisialta níos fearr aige/aici dá bharr. Chomh maith leis sin, cabhraíonn an dara teanga le páiste an tríú nó an ceathrú teanga a shealbhú. Nuair a thosaíonn an duine dátheangach ar an tríú teanga glacann sé/sí leis gan cheist go bhfuil an teanga nua éagsúil leis an dá theanga atá aige/aici cheana.

Rinne Ellen Bialystock ó Ollscoil York, Ceanada (2007) staidéar ar réimsí éagsúla na hinchinne a spreagtar ag teanga. Fuair sí amach go raibh daoine dátheangacha níos fearr ag an iltascáil os rud é go mbíonn siad i gcónaí ag baint úsáide as an chuid sin den inchinn ar a dtugtar an choirtéis réamhthosaigh. Treisíonn sé seo próisis na haire. Fuair sí amach freisin go gcleachtann an dátheangachas an inchinn agus déanann sé meath meabhrach a bhaineann le haois a mhaolú go suntasach.

An Dátheangachas agus an Ghaelscoil

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna i dTuaisceart Éireann (2009) staidéar ar bhuntáistí an dátheangachais. Shainaithin an staidéar seo gur féidir le gach páiste a bheith dátheangach fiú mura mbíonn siad in ann inniúlacht cainteoirí dúchais a shealbhú. Tugann tromlach an taighde ar a ndearna an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna staidéar bunús don choincheap gur dearfach an rud é don fhoghlaimeoir an tumoideachas, an t-oideachas dátheangach agus foghlaim imeasctha um ábhar agus teanga (CLIL) i dtéarmaí shealbhú an dara teanga agus forbairt chognaíoch sna réimsí seo thíos:

- gnóthú teanga;
- forbairt chognaíoch agus acadúil;
- féinmhuinín agus féinmheas na bpáistí; agus
- cumas fadhbréitigh, agus páistí nach mbíonn eagla orthu botúin a dhéanamh.

I measc na dtorthaí buntáisteacha eile is féidir a fhorbairt tá dearcaí dearfacha maidir
le hilchultúrthacht, cuimsitheacht, oscailteacht, caoinfhulaingt agus glacadh le 'héagsúlacht'.
Cén aidhm atá againn ó thaobh an dátheangachais de mar sin sa ghaelscoil? Is dátheangachas suimíoch atá mar

sprioc ag gaelscoileanna. Mar a deir Ó hAiniféin (2008) *'An aidhm atá ann ná dátheangaigh fheidhmeacha agus dhélitheartha a chruthú, sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, roimh fhágáil na gaelscoile dóibh.'* Úsáidtear an tumadh iomlán sa sprioctheanga (Gaeilge) inár scoileanna chun é sin a chothú mar go bhfuil an iliomad tacaíochtaí don mhórtheanga (Béarla) go forleathan lasmuigh den scoil agus sa tsochaí go ginearálta. Ciallaíonn sé seo go bhfuil buntáiste sa bhreis le baint amach ag an bpáiste as a bheith dátheangach. Baineann sé seo leis an difríocht idir mórtheanga dhomhanda (sa chás seo Béarla) agus mionteanga i gcás an phobail (sa chás seo Gaeilge). Tá an difríocht seo an-tábhachtach i gcás an dátheangachais in Éirinn. Is é an Béarla an phríomhtheanga labhartha ag formhór de mhuintir na hÉireann agus mar sin níl aon bhaol ann go rachaidh sé i léig. Má bhíonn stádas ard agus cothrom ag an dá theanga i measc na ndaoine a bhfuil meas faoi leith ag an bpáiste orthu, éireoidh le páiste staid fholláin a bhaint amach mar dhátheangach. Cé go bhfuil Gaeilge le clos ón gcéad lá ar scoil ag an bpáiste sa ghaelscoil níl neamhaird tugtha ar chéad teanga an pháiste, is é sin an Béarla (i gcás fhormhór na bpáistí, ach go bhfuil fás ag teacht ar líon na bpáistí arb iad An Rúisis nó an tSínis agus teangacha eile an chéad teanga). Léirítear don pháiste go bhfuil meas ar a t(h)eanga baile agus go bhfuil tuiscint ag an múinteoir uirthi, i gcás an Bhéarla go háirithe.

Caithfidh dóthain teagmhála a bheith ag páistí sna gaelscoileanna leis an nGaeilge chun cúiteamh a dhéanamh ar cheannasaíocht an Bhéarla le go mbainfidh siad dátheangachas suimíoch amach. Cuireann Ní Bhaoill & Ó Duibhir (2004) an bhéim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna agus le suímh do phaistí leis an dóthain teagmhála seo a fháil taobh amuigh den seomra ranga chomh maith.

Seo a deir Baker faoin dátheangachas suimíoch: *"Additive bilingualism occurs in an environment in which the addition of a second language and culture does not replace the first language and culture; rather, the first language/culture are promoted and developed. Additive bilingualism is linked to high self-esteem, increased cognitive flexibility, and higher levels of proficiency in L2 (Baker, 2000)."*

Is é an tuairim atá ag Kenner & Gregory (2003) ná gur féidir le páistí óga a bheith il-liteartha agus go nglactar leis mar chuid nádúrtha d'fhorbairt na litearthachta i go leor suíomh go hidirnáisiúnta. Beidh buntáiste ag an bpáiste dátheangach mar go mbeidh bua na délitearthachta aige/aici. Is é atá i gceist leis sin dáiríre ná go mbeidh ar a c(h)umas aistriú ó theanga amháin go teanga eile ar chúiseanna éagsúla. Uaireanta b'fhéidir go mbeidh an t-ionchur teanga á chur ar fáil i dteanga amháin agus an t-aschur teanga á chur ar fáil sa teanga eile. Méadaíonn sé seo ar an gcumas tuisceana a bhíonn ag an bpáiste agus cuireann sé deis ar fáil dó/di coincheapa a mheá ó pheirspictíocht éagsúil chultúrtha agus an méid atá foghlama a dhaingniú.

Forbairt an Scoilphobail

Faigheann gaelscoileanna tacaíocht ó eagraíochtaí éagsúla, lena n-áirítear an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, Conradh na Gaeilge, Gael-Linn, Glór na nGael, An Fhéile Scoildrámaíochta, Údarás na Gaeltachta, Coláiste na bhFiann, **Gaeloideachas** agus Comhluadar chun suímh chumarsáide lasmuigh den scoil a chruthú don Ghaeilge. Is fiú go mór freisin na naisc idir ghaelscoileanna féin timpeall na tíre agus le scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht. Cuireann **Gaeloideachas** deontas d'imeachtaí idirscoile ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Bíonn an tóir ar na deontais seo. Tugann na himeachtaí idirscoile seo deis thábhachtach do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta nasc a chruthú le scoileanna eile. Idir thráth na gceist is chluiche peile, spreagann na himeachtaí ilghnéitheacha seo cumarsáid agus spraoi trí mheán na Gaeilge, rud a théann chun leasa na scoile, chun leasa na ndaltaí agus chun leasa an scoilphobail. Tá gach eolas mar gheall ar an scéim seo ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie. , faoi 'Pobal Scoile'.

3.

Tumoideachas

Tá an tumoideachas iomlán aitheanta ar fud an domhain mar an córas is éifeachtaí chun an dara teanga a mhúineadh nó a shealbhú i suíomh scolaíochta. Ach cad is brí leis go díreach? Dar le Ó hAiniféin 2008, is "gné amháin den chontanam oideachais dhátheangaigh atá sa tumoideachas ina dtumtar an foghlaimeoir sa sprioctheanga agus atá in úsáid mar theanga foghlama an churaclaim go léir."
Cuireann Johnson agus Swain (1997) síos ar na príomhghnéithe a bhaineann leis an tumoideachas:-

1. An T2 (Gaeilge sa chás seo) mar theanga teagaisc na scoile.
2. Leanann an curaclam tumoideachais an gnáthchuraclam T1.
3. Tá tacaíocht láidir ann do T1 an dalta.Tugann tuismitheoirí, oidí agus an pobal iomlán an tacaíocht seo.
4. Is dátheangachas suimíoch atá mar aidhm ag an gclár.
5. Is sa seomra ranga den chuid is mó a théann daltaí i ngleic leis an sprioctheanga.
6. Tosaíonn na daltaí sa chóras leis an leibhéal cumais céanna sa sprioctheanga nó gar dó.
7. Bíonn na múinteoirí dátheangach.
8. Is scáthán de chultúr logánta atá sa seomra ranga.

Tá saghsanna nó múnlaí éagsúla tumoideachais ann. Is éard is múnla ann ná an creat oideolaíoch as a roghnaítear modhanna cuí múinteoireachta ó am go ham le clár comhaontaithe oideachais a chur i bhfeidhm (GSPT, 2009). Luath-thumadh a thugtar ar an saghas tumoideachais a thosaítear ar leibhéal na naíonán. Aithnítear gurb é an luath-thumoideachas iomlán an cur chuige is fearr go háirithe maidir le sealbhú na sprioctheanga. Is éard atá i gceist leis an luath-thumoideachas iomlán ná cur chuige ina dtumtar an dalta sa sprioctheanga ón tús ar feadh tréimhse shonrach chun go sealbhódh sé/sí tairseach leibhéal teanga lenar féidir leis/léi dul i ngleic go feidhmiúil leis an gcuraclam trí mheán na Gaeilge. Aithníonn an Roinn Oideachais agus Scileanna an luath-thumoideachas mar chur chuige éifeachtach do shealbhú na Gaeilge agus den chéad uair riamh ó bunaíodh an Stát tá aitheantas oifigiúil na Roinne ag an múnla seo anois. Tá cead dá réir ag gaelscoileanna teagasc an Bhéarla a chur siar go dtí deireadh théarma 1 sna naíonáin shinsir. Is forbairt fhíorthábhachtach é seo do chaomhnú agus neartú na hearnála lán-Ghaeilge. Cur chuige comhtháite a mholtar do rannpháirtithe an tumoideachais ina bhfuil buntuiscintí agus tacaíochtaí ag teastáil chun sároideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus ardchumas gníomhach sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon a bhaint amach. I measc na dtuiscintí nó na dtacaíochtaí seo áirítear go gcothófaí bá don tumoideachas i measc an phobail; go mbeadh straitéisí ag an tumoideachas chun teanga shóisialta na ndaltaí a fhorbairt chomh maith céanna lena dteanga acadúil; go mbeadh an scoil ag feidhmiú i ndlúthchomhar le tuismitheoirí/ caomhnóirí na scoile maidir le húsáid na Gaeilge; go dtapódh an Ghaelscoil gach deis chun go bhféadfadh na leanaí Gaeilge a úsáid lasmuigh den scoil trí ócáidí a reáchtáil dóibh i bhfoirm clubanna iar-scoile etc.; agus go mbeadh inseirbhís rialta ag múinteoirí an tumoideachais chun gur féidir leo a gcúraimí gairmiúla a chomhlíonadh go héifeachtach (An Tumoideachas I gcomhthéacs na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta, polasaí uile-oileánda, 2009; Grúpa Stiúrtha ar Pholasaí Tumoideachais).

Is fiú an tumoideachas iomlán mar a chleachtaítear anseo é a shuí i gcomhthéacs idirnáisiúnta bunaithe ar an taighde agus ar na dea-chleachtais is fearr atá ar fáil dúinn. As seo tá súil againn gur féidir linn foghlaim chun forbairt na hearnála sa todhchaí a threorú agus a chinntiú ar bhealach stuama. Go traidisiúnta nuair a rinneamar tagairt don tumoideachas is ar chúrsaí scolaíochta i gCeanada go príomha a bhíomar dírithe. Tá tábhacht ar leith ag baint le cúrsaí tumoideachais i gCeanada mar go bhfuil bunús taighde leanúnach leis, ach aithnítear go mbíonn éagsúlachtaí áirithe le tabhairt faoi deara idir comhthéacsanna áirithe tumoideachais ag brath ar chúinsí áitiúla gan amhras. Aithnítear agus cothaítear an tumoideachas iomlán sna córais oideachais atá i dTuaisceart na hÉireann, in Albain, sa Bhreatain Bheag agus sa Nua-Shéalainn chomh maith. Is tíortha iad seo atá inchomparáide le cás na hÉireann ar mhórán bealaí. Tá bunachar á chur le chéile ag **Gaeloideachas** do scoileanna ina bhfuil an luath-thumoideachas i bhfeidhm agus a bhfuil múinteoirí iontu a bheadh sásta treoir phraiticiúil a thabhairt do scoileanna eile a dteastaíonn uathu é a chur i bhfeidhm (múinteoir le múinteoir, ar an nguthán, mar shampla).

Cad a tharlaíonn i rang na Naíonán?

Ón gcéad lá cloiseann an páiste an Ghaeilge timpeall air/uirthi, ansin trí spreagadh na timpeallachta agus faoi stiúir an mhúinteora, tagann sé/sí ar thuiscint na teanga. Tá an teanga fite fuaite i ngníomhaíochtaí an pháiste nuair atá sé/sí ag súgradh le brící, le gaineamh agus ag dathú. Is ar éigean a thugann sé/sí faoi deara go bhfuil an dara teanga á foghlaim aige/aici. Bíonn gnéithe de theanga nua curtha i láthair i gcomhthéacs spéisiúil agus na páistí sáite i ngníomhaíochtaí aidhmithe ag an múinteoir chun scil eile a fhorbairt. Ansin cruthaítear ócáidí eile inar dóichí go n-úsáidfear an teanga seo agus cuirtear i bhfeidhm ina n-intinn iad. Bíonn an córas tógtha ar phróiseas "scafall" a chabhraíonn leis na daltaí óga ciall a dhéanamh díobh agus de na heispéiris foghlama. Díreach mar a d'fhoghlaim an páiste an Béarla déanann sé/sí focail a cheangal le gnéithe tábhachtacha dá t(h)impeallacht scoile, ainmfhocail choitianta sa timpeallacht, lón, múinteoir, dathú agus araile. Fásann scileanna tuisceana go gasta sa Ghaeilge agus baineann an páiste caighdeán sách ard amach sula gcuireann sé/sí é/í féin in iúl ar an mbealach is simplí sa Ghaeilge. Glaoitear an tréimhse thostach air seo, tréimhse ina mbíonn scileanna tuisceana á bhforbairt is á dtreisiú sula dtosaíonn aon chaint. Le himeacht aimsire, fásann máistreacht agus tuiscint an pháiste agus baineann sé/sí úsáid níos feidhmiúla as an nGaeilge. Déantar an t-ullmhúchán do litearthacht agus don uimhearthacht go hiomlán trí Ghaeilge. Bíonn go leor den traschur teanga ar siúl ag na daltaí, áfach. Cinntíonn sé seo go bhfuil an foghlaimeoir lárnach sa phróiseas agus go bhfuil deiseanna cumarsáide agus réiteach fadhbanna ar fáil sa rang. Múintear gach ábhar, ach amháin teangacha eile, trí Ghaeilge. Caithfear aird faoi leith a thabhairt ar *Aistear,* creatchuraclam don Luath-Óige (CNCM 2009). Tá sé mar aidhm ag *Aistear* leanúnachas a chothú idir an réamhscoil agus an bhunscoil agus leagann sé béim ar spriocanna cinnte. Tá *Síolta,* creathlach náisiúnta cáilíochta a bhaineann le hardchaighdeáin in oideachas na luath-óige (CECDE 2006) an-úsáideach freisin. Cruthaítear na coinníollacha sa seomra ranga naíonán a dhéanann aithris ar an gcomhthéacs nádúrtha inar fhoghlaim an páiste an chéad teanga. Éiríonn leis an gcóras mar thoradh ar an gciall inmheánach a bhaineann le hábhar a fhoghlaim tríd an dara teanga. Bíonn uasmhéadú d'fhoghlaim teanga i gceist i leith cumarsáide, is é sin go mbíonn na teachtaireachtaí lán de bhrí don mhúinteoir agus don dalta freisin.

Modhanna agus straitéisí tumtheagaisc i rang na naíonán bunaithe ar dhea-chleachtas

Cur chuige ilchineálach

- cuspóir foghlamtha cinnte a bheith ag an múinteoir dírithe ar riachtanais teanga an pháiste
- cothromaíocht a choimeád idir teanga chumarsáideach agus teanga acadúil
- múinteoir mar eiseamláir d'úsáid teanga
- feidhmeanna teanga forbartha ar bhonn scoile
- abairtí na bpáistí a aistriú nó a athinsint
- athrá
- saorimirt - comhrá leis na páistí faoi na gníomhaíochtaí éagsúla atá ar bun acu e.g. ceisteanna, orduithe
- samplaí d'fhocail/abairtí/nathanna a sholáthar do na páistí
- prionta sa timpeallacht
- foclóir/nathanna/abairtí a cheangal le focail/nathanna/abairtí atá ar eolas ag na páistí cheana féin
- focail/abairtí/nathanna a chur in úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla
- a chur i gcuimhne do na páistí Gaeilge a labhairt
- cuntas a choimeád ar na habairtí a thagann chun cinn i rith a gcuid ama súgartha agus iad a chleachtadh go rialta
- nathanna i bhfoirm ríme/amhrán
- ábhair nithiúla/fearais/leabhair/cairteacha/físeanna/dlúth dhioscaí
- am lóin - suite leis na páistí ag labhairt leo
- modh na drámaíochta
- cluichí cumarsáide
- go leor tascanna
- geáitsíocht/scéalaíocht
- tábhacht phearsantacht agus shampla an mhúinteora.

Cumarsáidithe Éifeachtachta

Faoi dheireadh na chéad bhliana beidh na páistí tagtha ar an tuiscint go mbaineann an Ghaeilge le réimse na scoile go háirithe sa seomra ranga, sa chlós, ar na cosáin, sna siúláin agus go mbeifear ag súil go gcaithfidh siad cibé focal/abairt/struchtúr atá insealbhaithe acu a úsáid go cuí sna comhthéacsanna éagsúla (ag labhairt leis an múinteoir, ag labhairt lena chéile e.g. ag saorimirt, ag ithe, ag am lóin, ag súgradh sa chlós) lena dtagann siad i dteagmháil i rith an ama sna Naíonáin Shóisearacha. Faoin tríú bliain (Rang a haon) bheifí ag súil go n-úsáidfeadh na páistí Gaeilge mar theanga chumarsáide ina measc féin nó sa chlós lasmuigh de na ranganna Béarla. Níor chóir go mbeadh deacrachtaí acu athrú ó theanga amháin go teanga eile de réir mar a oireann, cé go bhfuil sé intuigthe go mbeidh rian an Bhéarla ar a gcuid Gaeilge ach go mbeidh rian na Gaeilge uirthi ó thaobh ord na bhfocal, struchtúir agus foghraíochta de. Is cumarsáidithe éifeachtachta i nGaeilge iad daltaí gaelscoile. Éiríonn leo, den chuid is mó, na teachtaireachtaí a theastaíonn uathu a thabhairt chuig a gcomhdhaltaí agus a gcuid múinteoirí.

Baineann daltaí líofacht Ghaeilge amach sa ghaelscoil nach bhfuil ar aon dul le cainteoir dúchais ach atá i bhfad chun tosaigh ar dhaltaí a fhoghlaimíonn an Ghaeilge mar ábhar amháin. Ach cad is caighdeán sásúil ann? Ciallaíonn caighdeán sásúil go dtuigeann na páistí Gaeilge an ranga agus go bhfuil siad in ann pé rud a theastaíonn uathu a rá go líofa. Tarlaíonn sé uaireanta go mbaineann páistí líofacht amach ach go bhfuil tionchar láidir an Bhéarla ar a gcuid cainte, maidir le fuaimeanna, foghraíocht, focail nó struchtúir abairte. Tarlaíonn sé mar go mbíonn an múnla eile in uachtar ina n-aigne agus

easpa taithí ar chloisteáil agus ar labhairt na Gaeilge. Bíonn idirtheanga i gceist a bhíonn i gcónaí ag athrú idir foirmeacha teangeolaíochta, idir rialta is mhírialta. Ní bhíonn an dá chóras teanga scartha in dhá struchtúr roinnte. Mar sin féin, caithfidh go bhfuil bealaí chun míchruinneas na ndaltaí a laghdú agus a fheabhsú. Má tá laigí sa chaint caithfear iad a aithint.

Cén fáth na botúin?

"Bhí mise céad." "Tá sé sin mise's." An bhfuil a leithéid cloiste agat? Cén fáth a dtarlaíonn sé? An bhfuil aon leigheas againn air?

Tá sé soiléir dúinn go n-éiríonn le daltaí an tumoideachais scileanna gabhchumais teanga (tuiscint agus léamh) atá ar aon chaighdeán leis an gcainteoir dúchais a bhaint amach, ach ní hamhlaidh atá i scileanna an ghinchumais (caint agus scríobh).
Is gá béim sa bhreis a chur ar an mbealach a láimhseáiltear an teanga labhartha sa ghaelscoil. Bíonn scileanna teanga inmheánaithe an Bhéarla faoi chois ag na scileanna nuafhoghlamtha Gaeilge ag na páistí. Bíonn an trasnaíocht coitianta chomh maith. Tógann gach teanga iasachtaí ó theangacha eile agus déanann a gcuid féin díobh. An fhadhb a bhíonn ann ná nuair a bhíonn leibhéal na n-iasachtaí ró-ard.
Cloistear an téarma cailciú nó idirtheanga go minic i gcás an tumoideachais agus is fíor é i gcomhthéacs na Gaeilge sa ghaelscoil chomh maith. Is éard atá i gceist leis ná go sroicheann na páistí caighdeán áirithe sa dara teanga agus de bharr cúinsí agus constaicí faoi leith ní bhaineann siad caighdeán níos airde amach. Dar le saineolaithe tarlaíonn sé seo ar dhá chúis:

1. de bharr easpa deiseanna comhtháthú a dhéanamh leis an sprioc-chultúr, is é sin cainteoirí Gaeilge lasmuigh den rang,
2. de bharr coinníollacha teoranta an tseomra ranga, áit ina gcuirtear an bhéim ar an teanga acadúil.

Is féidir a rá i gcomhthéacs na ndaltaí nach bhfuil an Ghaeilge ag teastáil uathu chun a riachtanais bhunúsacha a chomhlíonadh sa saol lasmuigh den scoil ach go bhfuil sí uathu chun cumarsáid a dhéanamh lena múinteoir agus chun dul chun cinn a dhéanamh i gcúrsaí scoile. Bíonn rian an Bhéarla le sonrú go láidir ar an nGaeilge. Cuireann siad struchtúir chainte áirithe chun fusachta. Bíonn ró-ghinearálú agus ró-shimpliú i gceist. Tá go leor samplaí chun an pointe seo a léiriú mar shampla ,'Cad a bhfuil cearr leat?" "An bhfuil cead agam faigh leabhar?" "Teastaíonn an múinteoir tú." Tuigeann na páistí a chéile agus mar sin níl aon bhrú orthu a gcód cainte a athrú. Tugann Ó Duibhir (2009), luaite i Ní Shéaghdha (2010), cuntas ar na príomhbhotúin a fuair sé i measc daltaí i rang a sé i sampla de Ghaelscoileanna ar fud na tíre. Fuair sé ráta botún 30% i gcaint na Gaeilge ón gcorpas cainte a thaifead sé ó dhaltaí gaelscoile agus tá na botúin/an míchruinneas rangaithe i 6 réimse:-

(1) Úsáid rialta á baint as an mbriathar "bí" in áit na copaile "is": *tá sé bord mór; tá sé sin an geata isteach.*
(2) Gan máistreacht ar bhriathra mírialta: *thig leo faigh isteach; táimid ag fháil é sin; déan mé é sin go maith; dhéanfaidh mise an ceann eile.*
(3) Fadhbanna leis an gclaoninsint: *Ach ceapaim dúirt an fear sin gur bhuaileann na luascái; b'fhéidir is féidir linn.*
(4) Deacracht leis na forainmneacha réamhfhoclacha: *ag pleidhcíocht leis é sin; cur díon air é.*
(5) Deacracht leis na huimhreacha agus le comhaireamh as Gaeilge: *dhá chin; ceathair ceann.*
(6) Dul an Bhéarla (comhréir) ar a gcuid Gaeilge go ginearálta: *tá mise faigh confused le sibhse; an bheirt de sibh ag déanamh mo cheann isteach; sílimse go bhfuil an túr idea maith.*

Conas a rachaimid i ngleic leis na botúin?

Ba cheart don tumoideachas Gaeilge féachaint le teanga shóisialta an fhoghlaimeora a fhorbairt sa tslí is gur féidir leis/léi an Ghaeilge a úsáid gan stró ina ghnáthshaol teaghlaigh agus lasmuigh de. Is gá a chinntiú go bhfuil plean scoile do labhairt na Gaeilge a leagann amach eiseamláirí do na feidhmeanna teanga, atá bunaithe ar riachtanais chumarsáide na bpáistí sa scoil, deartha ag an ngaelscoil. Tá sé den ríthábhacht go mbainfidh na páistí caighdeán an-ard amach sa Ghaeilge ionas go mbeidh siad ábalta an leas is fearr a bhaint as an gcóras go hacadúil agus go sóisialta. Coimeádann go leor scoileanna nóta de na botúin is coitianta a chloiseann siad. Bunaíonn siad ceachtanna orthu agus déanann siad iarracht dul i ngleic leo sa phlean scoile. Is dea-chleachtas d'fhoireann scoile anailís riachtanas mar seo a dhéanamh. Baineann páistí agus múinteoirí an-úsáid as an modh ordaitheach sna bunranganna ach caithfear cur leis an iarracht an múnla seo a leathnú agus a shaibhriú le hainm briathartha a úsáid agus an múinteoir ina mhúnlóir den dea-chleachtas. Ó Rang 1 ar aghaidh is gá a chinntiú go bhfuil múnla an ainm bhriathartha á mhúineadh agus á chleachtadh. Molann An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí ina leabhrán *'Spreag an Ghaeilge le Spraoi'* plean aontaithe comhsheasmhach scoile a bheith ann chun an t-ainm briathartha a mhúineadh. Tá moltaí praiticúla leagtha amach sa leabhrán sin faoi chruinneas na cainte. Mar dhea-chleachtas i ngaelscoileanna áirithe bíonn abairt na seachtaine i gceist gach seachtain ina mbíonn na múinteoirí ranga go léir ag cur béime ar an abairt seo agus bíonn go leor athrá i gceist agus an abairt á rá i slite difriúla. D'fhéadfadh aon mhúinteoir ceist a chur ar aon dalta ag am sosa nó lóin a bheadh bunaithe ar an abairt seo. Bíonn roghnú na habairte seo bunaithe ar mhíchruinneas teanga atá cloiste ag na múinteoirí i rith na seachtaine atá imithe. Ceapann múinteoirí go bhfuil éifeacht leis an gcleachtas seo atá acu maidir le haird de shíor a bheith acu ar chruinneas/saibhreas Gaeilge na ndaltaí agus go bhfuil an obair ag dul i bhfeidhm ar a gcuid Gaeilge.

Straitéisí eile foghlama inmholta

- Féincheartú a chothú agus a spreagadh.
- Foghlaim chomhfhiosach a scrúdú agus a thástáil.
- Béim an-mhór ar labhairt chruinn na teanga.
- Teagmháil le cainteoirí dúchais e.g. bailiú scéalta agus seanchais sa Ghaeltacht.

Ba cheart go mbeifí ag pleanáil sa Ghaelscoil sa chaoi go mbeadh a thuilleadh cruinnis agus líofachta i nGaeilge labhartha agus scríofa na ndaltaí mar chuspóirí foghlama a mbeadh súil ag múinteoirí leo ó pháistí. Caithfear tascanna a tharraingíonn aird ar fhoirm sa Ghaeilge agus a thugann faoi struchtúir theanga a bhíonn deacair ag daltaí na Gaelscolaíochta a dhearadh. Tá treoir iontach tugtha ag an Dr Seán Mac Corraidh sa leabhrán *'Gearrchosáin chomhairle ar fhoghlaim agus ar theagasc sa Ghaelscolaíocht'* bunaithe ar an ábhar seo. Má theastaíonn uainn tumtheagasc éifeachtach a sholáthar, caithfimid díriú ar theachtaireachtaí, ar fhoirm na teanga agus ar úsáid na teanga.

Séideán Sí

Is áis den scoth *'Séideán Sí'*, cúrsa comhtháite Gaeilge atá deartha do ghaelscoileanna agus do scoileanna Gaeltachta. Tá a bhfuil sa chúrsa bunaithe ar na téamaí atá leagtha síos in *Curaclam na Bunscoile* (1999). An Roinn Oideachais agus Scileanna a mhaoinigh an tionscadal ina iomláine. Foireann dearthóirí curaclaim a bhfuil taithí fhada teagaisc acu i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge a chuir an cúrsa le chéile le tacaíocht ó líon mór saineolaithe. Chuir scríbhneoirí agus filí ábhar cruthaitheach don léitheoireacht ar fáil faoi *'Scéim Scríbhneoirí Seachtracha 'do Shéideán Sí.'*

Tá an cúrsa seo bunaithe ar an gcur chuige cumarsáideach. Is ar an bpáiste féin, ar na riachtanais teanga atá aige agus ar a chuid ábhar spéise féin atá an phríomhbhéim. Cuideoidh an clár seo le forbairt na teanga, na cognaíocha, na mothúchán agus na samhlaíochta ag an bpáiste. Ní mór an cúrsa a theagasc laistigh de chóras lántumtha ina bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide.

Cur chuige an chúrsa:-

- Tá na ceachtanna bunaithe ar théamaí an churaclaim.
- Is í aidhm gach ceachta cuspóirí nó feidhmeanna teanga ar leith a chur i gcrích.
- Tugtar aird ar chruinneas na cainte.
- Tugtar aird ar na scileanna éisteachta, labhartha, léitheoireachta agus scríbhneoireachta.

Caithfidh an múinteoir na deiseanna a thagann chun cinn sa rang leis na heiseamláirí seo a chleachtadh i gcomhthéacsanna eile. Tá pacáiste áiseanna iontacha ag gabháil leis an gclár chomh maith.

4.

Moltaí maidir le labhairt na Gaeilge

Tá sé inmhianaithe agus riachtanach gurb í an Ghaeilge céadrogha na cumarsáide i gcónaí sa Ghaelscoil. Bíonn gá le sraith seifteanna a ardaíonn agus a láidríonn stádas agus tábhacht na teanga labhartha ina measc. Caithfidh an teachtaireacht chéanna bheith ag teacht ó gach múinteoir go leanúnach agus go soiléir. Moltar leis seo go n-úsáidfí an cur chuige cumarsáideach sa seomra ranga i gcónaí. Maidir leis an gcaidreamh, bíodh sin foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, idir daltaí agus múinteoirí, beidh sé i gcónaí i nGaeilge.

Moltaí maidir le labhairt na Gaeilge do bhunranganna
(bailithe ó mhúinteoirí i mórán gaelscoileanna):

- Amhránaíocht le hathrá, mar shampla, amhrán a dhéanamh as abairtí simplí.
- Rudaí a chur i bhfolach agus iad a aimsiú.
- Gníomhvéarsaíocht.
- Nuacht phearsanta mar scéal.
- Ról-aisteoireacht.
- An bhéim ar am tosaithe/am sosa/am lóin/am dul abhaile.
- Puipéid/gutháin.
- Scáthán i mbosca.
- Scéalta.
- Páistí ag gléasadh suas.

Moltaí maidir le labhairt na Gaeilge d'ardranganna:

- Aoichainteoirí a thabhairt isteach.
- An Fáinne.
- Dalta na seachtaine/Dalta na bliana.
- Drámaíocht.
- Scríobh Leabhar.
- Láithreáin ghréasáin a dhearadh.
- Turas go dtí an Ghaeltacht.
- Monatóireacht ar bhunranganna.
- Comórtas fichille.
- Labhairt thar an gcóras fuaime más ann dó.
- A bheith dian air mar riail na scoile.
- Conradh a shíniú leis na páistí.
- Córas pointí.
- Popamhráin a aistriú.
- Póstaeir a dhearadh.
- Corn na Gaeilge.
- Ceiliúradh ar an nGaeilge ag am tionóil.
- eastais a ghreamú lasmuigh den rang.
- Grianghraif lasmuigh den rang.

Drámaíocht

Cuireann roinnt mhaith scoileanna an-bhéim ar an drámaíocht mar straitéis láidir do shaibhriú theanga na ndaltaí. Déanann go leor gaelscoileanna mórdhráma amháin in aghaidh na bliana a mbíonn na ranganna go léir páirteach ann. Bíonn an drámaíocht aitheanta i bPlean Gaeilge na scoile seo mar ghníomhaíocht lárnach i gcur chun cinn na Gaeilge ar scoil. Baineann na tuismitheoirí go léir an-sásamh as na daltaí go léir a fheiceáil ar an stáitse. Mínítear do thuismitheoirí gur gníomhaíocht thaitneamhach oideachasúil í an drámaíocht agus go bhfuil mórán á fhoghlaim ag na daltaí anuas ar dheiseanna saibhrithe teanga á dtabhairt dóibh. Is dea-chleachtas an-éifeachtach í an drámaíocht maidir le hiompar teanga na ndaltaí chomh maith, go háirithe nuair a bhíonn deis ag na daltaí páirt a ghlacadh i bhféilte agus i gcomórtais drámaíochta le scoileanna eile.

Ról an Mhúinteora ag spreagadh labhairt na Gaeilge

1. Laistigh de sheomra tumtha sa ghaelscoil ba chóir aird ar leith a thabhairt ar fheasacht teanga ann féin sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Bheadh aistriúchán, rabhlóga, tomhais, canúintí, amhránaíocht, foghraíocht agus teanga na fógraíochta san áireamh. Cuirfidh sé seo go mór leis an inniúlacht a bheidh ag an bpáiste dátheangach sa dá theanga. Is é/í an múinteoir an phríomhacmhainn Ghaeilge, an príomhchainteoir líofa i ndomhan an pháiste ar scoil. Is é cumas teanga an oide a chabhraíonn le líofacht a chothú sa pháiste.
2. Tá foighne, fuinneamh agus scil ag teastáil chun teanga nua a chur i láthair i gcomhthéacs don pháiste. Is gá smaoineamh ar bhealaí le cumarsáid a dhéanamh leis an dalta.
3. Cabhraíonn ionchur na múinteoirí go mór le forbairt Gaeilge sna páistí. Tá sé an-tábhachtach go labhródh an múinteoir go nádúrtha. Bíonn gá le foclóir sách casta le gramadach, le rím, le teanga an tsúgartha agus le teanga mheafarach (cosúlachtaí agus íomhánna san áireamh). D'fhéadfadh caint shimplithe ón oide cosc a chur le dul chun cinn an pháiste. Is trí mheán na Gaeilge amháin a thabharfar gach míniú, soiléiriú agus sainmhíniú focal i ngach ábhar, ach amháin i gcás an Bhéarla.
4. Is gá a chinntiú tríd an bpleanáil scoile agus tríd an bpleanáil ranga go ndéantar an cúram cuí do labhairt na Gaeilge a mhúineadh mar shnáthchuraclam ann féin chomh maith leis an teanga a thagann chun cinn trasna an churaclaim agus timpeall na scoile i gcomhthéacsanna eile. Tá tábhacht ar leith leis an gceacht Gaeilge. Is sa tréimhse réamhchumarsáide a mhúintear na heiseamláirí teanga a bheidh forbartha sa phlean scoile. Dár ndóigh bíonn saoirse modheolaíochta ag an múinteoir. Tá go leor cabhrach le fáil i lámhleabhair an mhúinteora don *Churaclam Gaeilge,* 1999 chuige seo. Sa tréimhse chumarsáide úsáidtear straitéisí difriúla agus comhthéacsanna éagsúla chun na páistí a bheith páirteach i ngníomh fíorchumarsáide.

5. Sa tréimhse iarchumarsáide bunaítear an obair trí dhaingniú na n-eiseamláirí. Caithfidh sé seo a bheith ar siúl go leanúnach sa ghaelscoil. Is athchúrsáil teanga atá i gceist. Is gá dúinn a mheabhrú dúinn féin go minic nach leor go bhfuil na páistí ag foghlaim trí Ghaeilge. Is gá a chinntiú go bhfuil múineadh teanga i gceist chomh maith.

Scéim Luacha na Gaeilge

Is é an dúshlán is mó a bhraitheann múinteoirí na ngaelscoileanna maidir leis an nGaeilge ná conas na daltaí a spreagadh i mbun a húsáide agus an bhearna idir cumas agus úsáid a ghiorrú.Tá mórán feachtas á dtriail i scoileanna éagsúla. Tuigeann foirne na ngaelscoileanna an tábhacht a bhaineann le 'Scéim Luacha na Gaeilge' mar chuid de spreagadh labhairt na Gaeilge. Ónár dtaithí féin aithnímid go bhfuil sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí spreagtha a chuirtear i bhfeidhm go rialta. Ar an iomlán, is iad na feachtais is éifeachtaí na cinn a mbíonn dearcadh dearfach (duaiseanna & moladh) laistiar díobh seachas pionós. É sin ráite, caithfidh rialacha soiléire a bheith i bhfeidhm chomh maith. Uaireanta sna hardranganna bíonn ceangal idir iompar teanga agus iompar go ginearálta. Braitheann éifeacht na bhfeachtas, ar dhíograis mhúinteoirí uile na scoile comhoibriú agus iad a cur i bhfeidhm le chéile, ar thoil na foirne agus ar chomhoibriú ó thuismitheoirí. Ba chóir go dtiocfadh iompar teanga na ndaltaí agus éifeacht an fheachtais reatha chun cinn ag cruinnithe foirne agus is as na cruinnithe seo a fhásfaidh smaointe eile. Tá ról lárnach ag múinteoirí i smaointe nua a chur chun cinn cé go bhfuil sé an-thábhachtach go bhfásfadh roinnt mhaith de na smaointe ón mbonn aníos chomh maith.

Straitéisí úsáideacha ar leibhéal ranga agus scoile:

- *Nóta molta sa Leabhrán don Obair bhaile*
  I rith an lae is féidir le múinteoir ranga/príomhoide/múinteoir eile nóta a chur sa leabhrán don obair bhaile a luann le tuismitheoir go ndearna an páiste an-iarracht leis an nGaeilge.
- Téann Corn na Gaeilge chuig an rang is mó a fhaigheann réaltaí sa tseachtain agus má fhaigheann rang ar bith an corn trí huaire i ndiaidh a chéile bíonn cóisir acu sa rang. Pé rang a bhaineann an corn gach seachtain bíonn oíche gan obair bhaile acu. Tá cead ag múinteoirí réaltaí a bhronnadh ar pháistí nuair a chloiseann siad iarracht mhacánta á dhéanamh Gaeilge a labhairt lasmuigh den seomra ranga. B'fhearr go mór nóta dearfach a scríobh ar an réalta chomh maith le spreagadh a thabhairt. Ní cheadaítear do mhúinteoir réalta a bhronnadh ar rang an mhúinteora féin.
- Pas ***'Oíche gan Obair bhaile'*** Bíonn deis ag an múinteoir cainteoirí den scoth a roghnú gach seachtain. Lorgaíonn an príomhoide na hainmneacha gach Luan i gcomhad luacha na Gaeilge agus glaonn an príomhoide amach ainmneacha na bpáistí a roghnaítear thar an gcóras fuaime nó ag am tionóil chun aitheantas scoile a thabhairt dóibh. Nuair a bhíonn 3 ainmniúchán faighte ag páiste bronntar Pas 'Oíche gan Obair bhaile' orthu.

- *Spórt sa Bhreis*
  Nuair a bhíonn 3 ainmniúchán faighte ag páiste beidh seans acu páirt a ghlacadh i Seisiún Spóirt sa Bhreis.
- *Réaltaí na Gaeilge*
  Bíonn deis ag an múinteoir cainteoirí den scoth a roghnú gach seachtain. Nuair a bhíonn 3 ainmniúchán faighte ag páiste bronntar teastas 'Réalta na Gaeilge' orthu. Greamaítear dlúthdhiosca i bhfráma. Cuirtear grianghraf an pháiste i lár an dlúthdhiosca. Bíonn taispeántas do 'Réaltaí na Gaeilge' sa halla a leanfaidh go lár mhí an Mheithimh. Beidh deis ag na páistí na teastais a thógáil abhaile ag an bpointe sin. Tugann tuismitheoirí agus cuairteoirí chun na scoile an-aird ar an taispeántas sa halla. Bíonn na páistí an-bhródúil as.

5.

Ullmhúchán don litearthacht

Tús na léitheoireachta

Ceist a thagann chun cinn go minic maidir le léitheoireacht sa chóras gaelscolaíochta agus sa chóras tumtheagaisc i gcoitinne ná 'an cóir tús a chur léi sa chéad teanga (teanga an bhaile) nó sa dara teanga (teanga na scoile), nó an ndéanann sé difríocht nó dochar ar bith?' Tá cleachtais éagsúla in úsáid sna gaelscoileanna faoi láthair agus fágtar an rogha sin faoi scoileanna aonair sa churaclam. An nós is coitianta atá ann i measc gaelscoileanna (Ó hAiniféin 2008) ná go dtosaíonn siad leis an nGaeilge agus go leanann siad ag forbairt na scileanna réamhlitearthachta agus litearthachta i nGaeilge amháin go dtí an dara téarma sna naíonáin shinsearacha. Ba chóir an cheist seo a phlé ar leibhéal an Bhoird Bhainistíochta.

Deir an fhianaise i suímh eile tumtheagaisc, áit ina dtosaíonn na tumdhaltaí ag léamh sa dara teanga ar dtús, go mbaineann na páistí comhchaighdeán amach sa chéad teanga lena gcomhpháirtithe sa chóras céad teanga a thosaigh ag léamh sa chéad teanga. Is léir mar sin gur féidir scileanna litearthachta a aistriú ón gcéad teanga go dtí an dara teanga agus sa treo eile ach coinníollacha sásúla inspreagtha agus teagmhála leis an teanga a bheith ar fáil. Tá sé deacair a bheith cinnte faoi cad is brí le teagmháil shásúil agus inspreagadh sásúil ach más teanga í an chéad teanga a bhfuil stádas ard aici ní bhíonn deacrachtaí ag an tumdhalta, ach sa chás go bhfuil an chéad teanga ina teanga mhionlaigh ní hamhlaidh a bhíonn. Creideann **Gaeloideachas** go láidir gur chóir tosú le múineadh na léitheoireachta i gcéad teanga na scoile, is í sin an Ghaeilge. Tagann an tuairim seo leis an taighde agus leis an gcleachtas i múineadh na léitheoireachta sa chóras tumtha. Admhaítear freisin go bhfuil traschur scileanna ó mhionteanga go mórtheanga níos láidre ná a mhalairt de bharr an nochta don litearthacht sa mhórtheanga lasmuigh den scoil agus mar thoradh ar an mbrú sóisialta a bhíonn ann í a fhoghlaim.

Molann *Curaclam na Bunscoile,* 1999, an léitheoireacht fhoirmiúil a thosú nuair a bhíonn scileanna labhartha agus éisteachta an linbh daingnithe go láidir mar nach féidir an litearthacht a scaradh ó shealbhú na scileanna teanga eile agus gan tosú ar an léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga ag an am céanna. Luadh cheana an tábhacht a bhaineann le hinspreagadh, comhthéacs agus timpeallacht shásúil a bheith ann má tá na daltaí le bheith ina léitheoirí cumasacha sa dara teanga. Le bheith cinnte de seo ní mór dúinn a dheimhniú go bhfuil an rogha chéanna leabhar agus saghasanna litríochta ar fáil do na tumdhaltaí agus atá ar fáil do dhaltaí a bhfuil an chéad teanga mar mheán teagaisc acu. Is áis den scoth í *Séideán Sí* i sealbhú na litearthachta. Moladh ag cúrsa d'oiliúnóirí in 2007 gur theastaigh soiléiriú ar an gcur chuige a luaitear in *Séideán Sí* le tús na léitheoireachta sna bunranganna i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta agus mar thoradh ar sin tá DVD an-éifeachtach dar teideal *'Tús na Léitheoireachta'* ar fáil. Mar a shamhlófaí leis déanann an cúrsa freastal ar go leor de na cuspóirí teanga atá luaite leis an gCuraclam Béarla sna ceithre shnáithe agus sna trí shnáithaonad - léitheoireacht, scríbhneoireacht agus labhairt na teanga. Tá an tacaíocht le fáil anois le *Féasta Focal agus An Clár Luath-Léitheoireachta* (An tÁisaonad i gColáiste Mhuire, Béal Feirste) ar www.nicurriculum.org.uk faoi Irish Medium. Tá sé tábhachtach dearcadh fadtréimhseach maidir leis an dul chun cinn sa dá theanga a bheith ann agus é seo a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh. Molann Ó Duibhir agus Ní Bhaoill (2004) a rinne athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta ar an gceist seo "gur chóir a mholadh do scoileanna tosú le léitheoireacht na Gaeilge ach níor chóir iallach a chur orthu é seo a dhéanamh". Ar deireadh an rud is tábhachtaí ná an tslí ina mhúintear an délitearthacht agus cé chomh héifeachtach agus atá an fhorbairt leanúnach sna scileanna litearthachta sa dá theanga.

Tuismitheoirí agus an léitheoireacht

Is mar ghníomh roinnte a thabharfaidh na páistí faoin léitheoireacht ón gcéad lá. Chuige sin, coimeádfar tuismitheoirí ar an eolas faoin gcur chuige a úsáidfear sa scoil. Aithnítear i múineadh na léitheoireachta an tábhacht a bhaineann leis an mbaile i gcúrsaí litearthachta i gcoitinne. Uaireanta bíonn tuismitheoirí buartha go mbeidh a n-easpa líofachta féin sa Ghaeilge mar bhac orthu ag cabhrú lena bpáistí sna blianta tosaigh sa léitheoireacht. Is faoin scoil, mar sin, aghaidh a thabhairt air seo agus a mhíniú dóibh conas is féidir leo cabhrú. Tá sé tábhachtach a chur ina luí orthu go bhfuil a ndearcthaí dearfacha i leith na léitheoireachta níos tábhachtaí ná rud ar bith eile agus nach aon dochar

ábhar na léitheoireachta a phlé i mBéarla nó in aon mháthairtheanga eile a bheadh acu. Is fiú do mhúinteoirí eochaircheisteanna as Gaeilge a chur abhaile mar áis do na tuismitheoirí - samplaí thíos -

- Cad atá sa phictiúr?
- Cé hé/hí sin?
- Cad é an chéad rud eile a tharlóidh an dóigh leat?
- An dtaitníonn an leabhar leat?

Is deá-nós é ag tús na bliana cruinniú do thuismitheoirí a reáchtáil chun a mhíniú dóibh conas a dhéantar déileáil le múineadh na litearthachta i gcomhthéacs na gaelscolaíochta. Eagraíonn **Gaeloideachas** seimineáir oiliúna ar riachtanais na scoileanna, ina measc oiliúint ar fhorbairt na Litearthachta sa Chóras Tumoideachais. Eascraíonn an riachtanas don oiliúint seo as treoir atá tagtha ón Roinn Oideachais agus Scileanna do scoileanna maidir le forbairt scileanna litearthachta mar chuid den *Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol 2011 – 2020.* Ba chóir go mbeadh an cleachtais délitearthachta aontaithe mar pholasaithe scoile ag Bord Bainistíochta na scoile.

6.

An bhfuil an córas tumoideachais oiriúnach do gach éinne?

Bíonn an claonadh ag daoine a cheapadh go mbíonn réamhlaigí ag páistí áirithe i leith deacrachtaí foghlama sa tumoideachas nó sa ghaelscoil nach mbeadh acu sa ghnáthchóras Béarla. Deir an taighde idirnáisiúnta go bhfuil an córas chomh hoiriúnach do pháistí le deacrachtaí foghlama ach an tacaíocht chuí a bheith ar fáil dóibh.

Dhírigh Cummins (1984) ar an gceist 'an mbíonn réamhlaigí ag páistí áirithe i leith deacrachtaí foghlama sa tumoideachas nach mbeadh acu sa ghnáthchóras?':

"Since general intelligence is predictive of success in any school programme, the critical question is whether lower ability students do worse in immersion than in ordinary schools. Citing Genesee (1976) and Bruck (1982), he argued that IQ measures and L1 cognitive/academic ability are strongly related to pupils' academic performance in immersion and regular schools, but do not have a differential effect across school type. He claimed, that is, that low academic ability pupils did no worse in immersion than in non-immersion schools".

Agus leanann sé ar aghaidh faoi dhaltaí laga chun é seo a rá:

"Below-average learners tended to do as well in EFI (Early French Immersion) classes as they did in regular English programs, provided that they received the same support services."

Dar leis an taighde atá déanta, leanann deacrachtaí acadúla na bpáistí, más ann dóibh, tar éis athrú dóibh ón tumoideachas go córas scolaíochta eile. Tá sé soiléir nach mbaineann cumas foghlama chun cumarsáid fheidhmiúil a dhéanamh le hintleacht mar a thomhaistear i dtrialacha caighdeánacha IQ. Léiríonn an taighde go bhfaigheann páistí le deacrachtaí foghlama teanga máistreacht inchomparáide ar na bunscileanna acadúla lena leithéid

de pháistí sa ghnáthchóras. Ina theannta sin, déantar scileanna líofachta, idirphearsanta sa dara teanga a fhorbairt cé go bhfuil an luas níos moille ná páistí nach bhfuil deacrachtaí teanga acu. Tá an tumoideachas oiriúnach do pháistí ó chúlraí aicmí éagsúla de réir an taighde chomh maith.

Riachtanais Speisialta sa Ghaelscoil

Is é an taithí a bhíonn ag na gaelscoileanna ná go bhfaigheann daltaí le riachtanais speisialta máistreacht ar scileanna an dara teanga gan cailliúintí fadtréimhseacha sa Bhéarla nó foghlaim aon ábhair eile (de réir a gcumais). Cuireann sé le féinmheas an dalta go bhfuil líofacht á hinsealbhú aige/ aici sa dara teanga. In athbhreithniú a rinne *an tSeirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (NEPS)* in 2007 ar an taighde teoranta atá ann ar riachtanais speisialta oideachais agus ar fhoghlaim dhátheangach/ tumoideachais nótáladh na rudaí seo leanas:

- D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhuntáiste le fáil as páiste a bhogadh ó Ghaelscoil go dtí scoil Bhéarla de bharr saindeacrachtaí foghlama
- D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhuntáiste le fáil as páiste a bhogadh ó Ghaelscoil go dtí scoil Bhéarla de bharr cumas intleachtúil
- Ní ceart talamh slán a dhéanamh de nach féidir le páistí le neamhoird teanga a bheith dátheangach. *('Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán' 2010).*

Ní mór, gan amhras cás gach páiste a chur san áireamh agus measúnú a dhéanamh ar bhonn indibhidiúil.

Glactar leis gur as Gaeilge a dhéanfaidh an múinteoir tacaíochta foghlama agus an múinteoir acmhainne a gcuid oibre ar fad, ach amháin nuair a bhíonn obair Bhéarla ar siúl. Ceann do na moltaí a d'eascair as na Measúnachtaí Náisiúnta ar léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí mheán na Gaeilge ná gur chóir do scoileanna de réir mar is féidir, bealaí a fháil chun na seirbhísí tacaíochta a chomhtháthú sna seomraí ranga mar atá i dtreoirlínte ROS, agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar, ar bhonn riachtanas, don Ghaeilge, don Bhéarla agus don mhatamaitic. Molann

Gaeloideachas go láidir má bhíonn post acmhainne roinnte á chur le chéile ag ROE idir dhá scoil agus an ghaelscoil mar cheann amháin acu ann go ndéanfaidh an Bord iarratas an-láidir ar ROS go mbeadh an múinteoir lonnaithe sa ghaelscoil ar mhaithe le sainspiorad na scoile a chaomhnú. Léiríonn taighde *'Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán'* (2010) gurb iad na trí riachtanas speisialta oideachais is mó a aithnítear i ngaelscoileanna ná disléicse, míchumas ginearálta foghlama éadrom teorannach agus míchumas ginearálta foghlama éadrom. Tá léirithe ag múinteoirí, tuismitheoirí agus seirbhísí gairmiúla tacaíochta go bhfuil eolas agus treoir níos fearr ag teastáil, go háirithe maidir le riachtanais speisialta oideachais agus an tumoideachas maidir leis an ngá le huirlisí ábhartha measúnaithe, le hoiliúint ábhartha, agus le seirbhísí tacaíochta gairmiúla.

Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga

Aithnítear go dtagann tanaíocht áirithe ar Ghaeilge na ndaltaí a bhfuil an Ghaeilge acu mar chéad teanga agus go sealbhaíonn siad gnásanna cainte na ndaltaí atá ag foghlaim na Gaeilge sa Ghaelscoil.

Is straitéis an-éifeachtach é obair ghrúpa a dhéanamh le daltaí í a bhfuil an Ghaeilge acu mar chéad teanga ar mhaithe le saibhreas teanga agus difreálú a fhorbairt. Spreagann sé na daltaí a bhíonn ag obair sna grúpaí eile iad féin a fheabhsú chun go mbeadh sé mar aidhm acu a bheith ábalta oibriú leis na daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga. Is féidir obair bhaile a thabhairt do dhaltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga ina mbíonn orthu caint lena dtuismitheoirí nó a dtuismitheoirí críonna – e.g. scéal/eolas a bhailiú uathu faoi pé ceacht atá i gceist. Cabhraíonn sé seo leo Gaeilge shaibhir a chur chun cinn mar aon le ceartú botún nó míchruinneas a bheadh acu féin chomh maith le cur lena bhfeasacht ghéaréisteachta.

Fáilte roimh ár n-inimircigh

Tá méadú ar líon na n-inimirceach as tíortha nach é an Béarla príomhtheanga a dtíre atá inár ngaelscoileanna. Is cruthúnas beo iad gur féidir le hinimircigh an Ghaeilge a shealbhú go rí-mhaith agus go bhfuil inimircigh ann ar luachmhar leo an Ghaeilge agus an ghné sin de chultúr a dtíre nua. Go minic bíonn taithí acu ar an dátheangachas cheana féin. Cuireann na daltaí seo le hilghnéitheacht agus le hilchultúrachas shaol na Gaeilge agus le todhchaí na Gaeilge. Cé go bhfuil Gaeilge le clos ón gcéad lá ar scoil ag an bpáiste sa ghaelscoil níl neamhaird tugtha ar chéad teanga an pháiste. Léirítear don pháiste go bhfuil meas ar a t(h)eanga baile agus iarrtar orthu labhairt faoina n-áit dúchais (nó áit dúchais a muintire) agus nithe a bhaineann leis a gcultúr a thabhairt isteach sa Ghaelscoil mar ábhar cheiliúrtha. Is iondúil go mbíonn an páiste seo ar chomhchéim leis an gcuid is mó de pháistí a thagann isteach sa ghaelscoil ó theaghlaigh nach í an Ghaeilge an teanga bhaile sa mhéid is go bhfuil siad ar fad ag tosú amach le teanga nua chumarsáide agus tumtha.

Páistí ag teacht isteach déanach sa Chóras

De ghnáth ní aistríonn páistí isteach sa ghaelscoil ó na ranganna naíonán ar aghaidh ach amháin má bhíonn siad ag teacht ó ghaelscoil eile. Míníonn roinnt gaelscoileanna ina bpolasaí clárúcháin a ndearcadh i leith an aistrithe, mar shampla, nach inmholta dar leo do pháiste bogadh isteach ó rang a 2 ar aghaidh. Tá sé tábhachtach go mbeadh na himpleachtaí a bhaineann lena leithéid iniúchta go maith ag an mBord Bainistíochta. Má bhogann páiste isteach sa Ghaelscoil tá sé riachtanach deis a thabhairt don pháiste luí isteach ar an nGaeilge agus é seo a mhíniú do thuismitheoirí agus a chur ina luí orthu go mbeidh tréimhse thostach ann chomh maith. Is gá don mhúinteoir an rang a ullmhú chuige seo freisin ionas go mbeidh an chothromaíocht chuí idir an páiste nua agus atmaisféar na Gaeilge sa rang. I gcomhthéascanna tumtha i dtíortha eile bíonn ranganna ar leith curtha ar fáil chun freastal ar na páistí seo.

7.

Measúnú

Is é polasaí **Gaeloideachas** ná gur cuid lárnach den phróiseas foghlama agus teagaisc é an measúnú.Tá an réimse uirlisí lenar féidir gnéithe den oideachas trí Ghaeilge a thomhas ag méadú. Tá dualgas ar scoileanna lán-Ghaeilge scrúduithe caighdeánaithe sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic a dhéanamh i Ranganna 2, 4 agus 6 agus na torthaí a thuairisciú do thuismitheoirí, do ROS. agus don Bhord Bainistíochta. Rinneadh tástálacha den chéad uair riamh ar fhormhór na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar aonad samplach iontu féin ar ghnóthachtáil sa Bhéarla agus sa mhata in 2010. Léirigh torthaí na dtástálacha náisiúnta go bhfuil na scoileanna i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta *(An Foras Taighde)*. Daingníonn na dea-thorthaí seo torthaí ó thaighde dúchasach neamhspleách eile atá déanta in Éirinn agus tagann siad le dea-thorthaí an tumoideachais ar bhonn idirnáisiúnta. Tagann na dea-thorthaí seo sna sála ar thaighde *NCE-MSTL (an Lárionad Sármhaitheasa i bhFoghlaim agus Teagasc na Matamaitice agus na hEolaíochta)*. Tá obair den scoth déanta ag an Dochtúir Gabrielle Nig Uidhir i gColáiste Mhuire, Béal Feirste, ar forbairt *Aisghabháil na Litearthachta*. Is áis mheasúnaithe sa luathlitearthacht, bunaithe ar obair an Ollaimh Marie Clay, atá ann. Tá beirt mhúinteoirí ó gach Ionad Oideachais sa tír tar éis oiliúint a fháil sa chur chuige éifeachtach seo.

8.
Úsáid na Teicneolaíochta

Tá ról lárnach ag teacht chun cinn i dteicneolaíochtaí nua agus sna meáin shóisialta ar bhealaí cumarsáide agus foghlama daoine óga agus tá tionchar aige seo ar gach uile réimse oideachais. Nuair a bhíonn úsáid ríomhfhoghlama sa seomra ranga á phleanáil, tá sé tábhachtach go n-aithníonn an Ghaelscoil an ról a d'fhéadfadh a bheith aige chun breisluach a thabhairt do mhúineadh agus d'fhoghlaim do réimsí an churaclaim. Cuireann sé ar chumas an pháiste constaicí rochtana ar acmhainní foghlama a bhíonn ann de bharr suímh thíreolaíocha, chultúir nó theanga a shárú. Cuirtear ríomhfhoghlaim ghníomhach chun cinn sa bhunscoil trí chur ar chumas na bpáistí eolas a fhaightear ó láithreáin ghréasáin a aimsiú, a bhainistiú, a mheas agus a úsáid trí fheidhm a bhaint as raon critéar, agus an t-eolas cuí a úsáid nuair a bhíonn taighde á dhéanamh.

Faigheann páistí i suíomh gaelscolaíochta deis iontach cur lena scileanna trasteanga ón idirlíon. Téann siad i mbun eolas a bhailiú go minic sa Bhéarla agus bíonn orthu féin é a chur i láthair i bhfoirm labhartha agus scríofa i nGaeilge. Méadaíonn sé seo go mór ar a gcumas sa délitearthacht. Tá féidearthachtaí iontacha idirscoile agus cumarsáide inmheánaí freisin ann le Skype agus le físchomhdhálacha. Tá deis iontach ann anois leis an gClár bán idirghníomhach chomh maith.

Tionscadal ríomhchairde do pháistí

Is éard atá i gceist le ríomhchairde ná cairde pinn a bhaineann úsáid as an bpost leictreonach. Is féidir leis na rannpháirtithe eagarthóireacht a dhéanamh ar theachtaireachtaí a chéile trí chur leis an teachtaireacht, na focail a athrú inti, nó trácht uirthi. Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as leaganacha difriúla den chur chuige seo. D'fhéadfadh na gaelscoileanna a bhíonn páirteach sna gníomhaíochtaí seo a bheith áitiúil nó a bheith i bhfad ó chéile. Is féidir é seo a úsáid chun scríbhneoireacht chomhoibritheach a éascú. Airítear go bhfuil buntáistí móra le baint as an ríomhfhoghlaim ar leibhéal na múinteoireachta agus na foghlama araon. Ceann de na dúshláin is mó a bhíonn ag gaelscoil ná comhthéacs cumarsáide sa sprioctheanga, is í sin an Ghaeilge, a chruthú do na daltaí. Mar is eol dúinn tá sé riachtanach go mbeadh teagmháil ag páistí gaelscoile le páistí ó ghaelscoileanna eile agus ón nGaeltacht más féidir. Is fusa i bhfad é seo a dhéanamh leis an ríomhaire agus smaointe a fhorbairt agus a mhalartú le páistí i ngaelscoileanna eile trí ríomhphost a sheoladh agus a fháil.

Suíomh Gréasáin Scoile

Foilsíonn go leor gaelscoileanna a suíomh gréasáin scoile féin. Is fuinneog eile í isteach i saol na gaelscoile. Is bealach an-éifeachtach é cumarsáid a dhéanamh le pobal na gaelscoile i gcoitinne. Is minic a bhíonn na scéalta is déanaí, nuachtlitreacha agus blaganna ó dhaltaí ar an suíomh. D'fhéadfadh foirm chlárúcháin don ghaelscoil, eolas faoi stair na scoile, faoin Naíonra agus faoi Chumann na dTuismitheoirí a bheith ar an suíomh chomh maith. Bíonn deis naisc a chothú le suímh oiriúnacha eile freisin. Tá sé mar pholasaí ag **Gaeloideachas** gur i nGaeilge amháin nó go dátheangach a bhíonn láithreán gréasáin gaelscoile.

Bíonn an suíomh ina láithreán oiriúnach chun obair na bpáistí a cheiliúradh agus chun lucht féachana eile a fháil dá gcuid saothar. Ba chóir do ghaelscoileanna dul i mbun treoirlínte foilseacháin chun soiléiriú a fháil ar a bhfreagrachtaí maidir le hobair pháistí a fhoilsiú ar láithreán gréasáin. Baineann cóipcheart le foilsiú obair na bpáistí. Bíonn sé riachtanach don scoil ráiteas toilithe sínithe a fháil ó thuismitheoirí páistí, sula bhfoilseofar obair pháistí nó aon íomhá de pháistí ar shuíomh gréasáin scoile.

Forbairt Ghairmiúil TFC

Maoiníonn Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE mar a bhíodh air) cúrsaí atá saincheaptha do riachtanais shainiúla scoile agus is féidir iad a thionól i do scoil féin nó san Ionad Oideachais áitiúil. Ina theannta sin tairgeann Teicneolaíocht san Oideachas roinnt cúrsaí ar líne.

Ríomhleabhair agus i-Leabhair

Tá sé ráite ag go leor tráchtairí go bhfuil ré iar-ríomhairí pearsanta (PC) buailte linn. Déanann siad tagairt don chaoi nach iad an PC agus an ríomhaire glúine na príomhuirlisí TF atá in úsáid a thuilleadh agus gurb iad na gléasanna póca amhail *fóin chliste agus taibléid* na huirlisí TF atá i réim anois. Ardtaítear an cheist mar sin, faoin tionchar a bheidh ag an aistriú nua seo sna huirlisí TF ar scoileanna agus eascraíonn ceisteanna freisin uaidh seo faoi úsáid an iPad/taibléid i gcomparáid le ríomhaire glúine sa seomra ranga.

Leabhair Labhartha

Tá na leabhair Séideán Sí do Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha (3 chanúint) ar fáil anois ar http://www.gaeilge.ie/ForasnaGaeilge/Seidean_Si.asp i bhfoirm leabhair labhartha *(talking books)*.

9.

An Bord Bainistíochta

Ról an Bhoird Bhainistíochta

Comhlíonfaidh Bord Bainistíochta na feidhmeanna a thugtar dó agus don scoil faoin Acht Oideachais, 1998. Déanfaidh sé spiorad sainiúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phatrún as iad a chosaint amhlaidh. Is dúshlán substaintiúil é gaelscoil a bhunú agus a reáchtáil a bhraitheann ar fhuinneamh, ar thiomantas agus ar ghealltanas na dtuismitheoirí agus an Bhoird Bhainistíochta. Sna blianta tosaigh bíonn dlúthbhaint ag Bord Bainistíochta le bunú na gcleachtas agus nósanna imeachta uile atá riachtanach. Tá gá le tuiscint chruinn ó gach ball ar róil agus ar fhreagrachtaí an Bhoird Bhainistíochta. Molann **Gaeloideachas** go láidir go nglacann baill an bhoird páirt san oiliúint atá ar fáil le tacú leo (á reáchtáil ag **Gaeloideachas** i gcomhar leis an bhForas Pátrúnachta).

Nósanna Imeachta an Bhoird

Is trí Ghaeilge a dhéanfaidh an Bord a chruinnithe a reáchtáil agus a chuid gnó a chur i gcrích. Sa lámhleabhar 'Comhdhéanamh na mBord agus na Rialacha Imeachta' eisithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna luaitear sa nós imeachta beirt de mhuintir an phobail a roghnú le ceapadh ar an mBord Bainistíochta i gcás gaelscoileanna faoi phátrúnacht na nEaspag agus faoi phátrúnacht An Fhorais Pátrúnachta gur chóir go mbeadh tuiscint agus tiomantas ag daoine a ainmnítear do shainmheon na scoile. Beifear ag súil freisin go mbeidh eolas maith ar an nGaeilge acu.

Oiliúint do Bhord Bainistíochta

Tá Gaelscoileanna Teo. agus An Foras Pátrúnachta i dtaca leis na pátrúin agus eagraíochtaí bainistíochta oideachais eile tar éis clár oiliúna a chur le chéile le hoiliúint a chur ar bhoird bhainistíochta na mbunscoileanna. Tá na módúil aitheanta ag na páirtithe oideachais agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tá siad roinnte i gcúig réimse:

1. An Bord Bainistíochta mar Aonad Corparáideach
2. Nósanna Imeachta Ceapacháin
3. Airgeadas an Bhoird
4. Cúrsaí Dlí
5. Caomhnú Páistí

Is daoine iad na hoiliúnóirí atá ag feidhmiú le tamall fada mar phríomhoide nó mar chathaoirleach ar ghaelscoil agus mar sin bíonn an taithí acu ar bheith ag plé le bord bainistíochta i suíomh lán-Ghaeilge.

Faomhadh an pholasaí

Is gá don Bhord Bainistíochta an polasaí Gaeilge a fhaomhadh agus é a thabhairt don fhoireann mar cháipéis threorach ghairmiúil agus tacú leis an bpríomhoide agus é/ í ag cur i bhfeidhm gach gné de. Ba chóir go mbeadh teagmháil láidir idir an Bord agus an fhoireann agus na daltaí maidir le polasaí na Gaeilge agus an cur chuige. Is cóir an polasaí faofa a chur in iúl do phobal na scoile go rialta agus é a thabhairt do mhúinteoirí nuacheaptha agus do bhaill an bhoird nuathofa chomh maith.

Timpeallacht Ghaeilge

Ceann de na deacrachtaí a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge ná teirce na timpeallachta Gaeilge. Titeann sé ar an scoil go minic cúlra agus comhthéacs Gaeilge a sholáthar. Molann **Gaeloideachas** cumarsáid leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis na Ranna Rialtais eile trí Ghaeilge. Éileofar é seo agus a gcuid seirbhísí tacaíochta mura mbíonn siad ar fáil faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá go leor deiseanna ag an mBord Bainistíochta an Ghaeilge a chur chun cinn go feiceálach, mar shampla: suíomh gréasáin, nuachlitreacha, stáiseanóireacht, sonraisc, admhálacha, cártaí speisialta, ócáidí speisialta, nótaí dea-mhéine agus seiceanna; agus ag pointí teagmhála - ar an bhfón, i litreacha nó i dteagmháil dhíreach. Ba chóir fógraí scoile ag pointí teagmhála a bheith ag lorg rannpháirtíochta i nGaeilge amháin nó go dátheangach.
Sa chás go mbíonn páistí na gaelscoile á n-ullmhú i gcomhair na sacraimintí tá sé intuigthe agus inghlactha gur trí mheán na Gaeilge amháin a dhéanfar an t-ullmhúchán seo agus gur trí Ghaeilge a chuirfear an searmanas ar fáil ar an lá. Aithníonn **Gaeloideachas** go mbíonn deacrachtaí áitiúla leis seo agus tá plé á dhéanamh leis na hEaspaig ina thaobh.

Polasaí Seach-churaclaim

Caithfear polasaí láidir a bheith ann agus dianmhachnamh a dhéanamh ar an ngné seo de shaol na scoile. Admhaítear nach mbíonn sé furasta teacht ar

dhaoine le Gaeilge uaireanta. Is trí Ghaeilge is cóir na himeachtaí a eagrú agus is trí Ghaeilge a ghlacfaidh na leanaí páirt iontu.

Ócáidí taobh amuigh den scoil

Cosúil le gach rud eile sa ghaelscoil tá gné faoi leith teanga ag baint le gach ócáid lasmuigh den scoil, mar shampla sula mbíonn Lá Spóirt ann caithfear an-chuid cleachtaidh teanga a dhéanamh roimh ré sa rang Gaeilge agus sa rang corpoideachais. Caithfear an t-ullmhúchán cuí a dhéanamh agus an teanga oiriúnach a thabhairt do na páistí agus iad ag dul ar thuras scoile. Chomh maith leis sin, caithfear fiafraí i gcónaí, má tá aon rud á chur in áirithe, an bhfuil éinne le Gaeilge ar fáil, nó ar a laghad cé mhéid Gaeilge atá acu.

10.

Margaíocht ar an scoil lán-Ghaeilge

Tábhacht na margaíochta sa scoil lán-Ghaeilge

Tá lámhleabhar nua margaíochta forbartha ag **Gaeloideachas** i gcomhar le *Forbairt Naíonraí Teo.* atá ar fáil do scoileanna le cabhrú leo margaíocht agus poiblíocht éifeachtach a dhéanamh ar an scoil.

Pléann sé leis an gceist céard is brí le margaíocht i gcomhthéacs an oideachais agus cén fáth a bhfuil sé tábhachtach. Pléitear an cheist cén táirge agus cén teachtaireacht ba chóir do na scoileanna lán-Ghaeilge a bheith á dtairiscint nó á dtabhairt.

I gcomhthéacs an táirge, aithnítear na saintréithe seo a leanas:

- Dalta-lárnach
- Fáilteach, cuimsitheach, ionadaíoch ar gach pobal
- Spiorad sainiúil pobail
- Rannpháirtíocht
- Gairmiúil, éifeachtach, cumasach
- Forásach
- Leanúnachas oideachais
- Fréamhacha daingne – aghaidh ar an todhchaí
- Foirne ardoilte agus gairmiúil

Déantar cur síos ar roinnt straitéisí don scoil chun gné na margaíochta a fhorbairt:

- An tábhacht a bhaineann le fís láidir a bheith ag an scoil/ naíonra móide cuspóirí agus straitéisí
- Cén iomaíocht atá ann?
- An tábhacht le pleanáil
- Alumni a bhunú mar áis

Áirítear i measc mhargaí na scoile:-

- Mórphobal a bhfuil spéis acu san oideachas lán-Ghaeilge,
- Béim ar thuismitheoirí mar an príomh-mhargadh; ról gníomhach a bheith acu,
- Suntas ar leith d'inimircigh, páistí le riachtanais speisialta agus mionlaigh eile,
- Feasacht maidir le cumas teanga na bpobal éagsúil (Gaeilge, Béarla agus teangacha eile),
- Caidrimh a chothú le naíonraí agus scoileanna reatha an cheantair; féidearthacht suímh, áiseanna, ábhar poiblíochta agus costais a chomhroinnt,
- Féidearthacht a bheith rannpháirteach i líonraí/fóraim foghlama agus tacaíochta náisiúnta (á éascú ag **Gaeloideachas**),
- Caidrimh a chothú le heagraíochtaí oideachais agus Gaeilge sa cheantar/ar bhonn náisiúnta,
- Cruthú scoilphobail (treoirleabhar **Gaeloideachas**),
- Foireann a earcú agus a choinneáil,

Leagtar amach treoir maidir leo seo:

- ócáidí oscailte a eagrú (i.e. nuair atá an naíonra/scoil bunaithe cheana féin),
- ócáidí poiblí agus eolais a eagrú (mar a bhaineann le fiontraithe agus coistí bunaithe),
- cuairteanna scoile agus láithreacht ag ócáidí poiblí,
- ócáidí a dhéanann ceiliúradh ar an éagsúlacht / saibhreas cultúrtha,
- úsáid agus cruinneas teanga (is é sin go mbeadh ábhar i nGaeilge agus I dteangacha an spriocphobail),
- sonraí teagmhála a bhainistiú agus eolas a scaipeadh,
- preasráiteas a scríobh: múnla samplach,
- úsáid na meán sóisialta,
- suíomh gréasáin a chruthú: mapa suímh samplach; an tábhacht le Gaeilge chruinn ar an suíomh agus gach cumarsáid phoiblí,
- bileog eolais a dhearadh: múnla samplach,
- nuachtlitir leictreonach a scríobh: múnla samplach,
- agallamh a dhéanamh: ceisteanna samplacha,
- meitheal oibre margaíochta a bhunú sa scoil (le hOifigeach Caidrimh Phoiblí)– comhdhéanta de thuistí, ball foirne etc. le scileanna éagsúla,
- leas a bhaint as ambasadóirí – daoine a d'fhreastail ar an scoil/ ar fhreastail a bpáistí ar an scoil,
- conas suirbhé éifeachtach a dhearadh chun riachtanais na bpobal a mheas,
- lógó – tábhacht le híomhá láidir,
- ag úsáid teistiméireachtaí,

Cúnamh eile ó oifig Gaeloideachas

Tá leagan leictreonach de nuachtlitir na heagraíochta ar fáil agus seoltar chuig scoileanna é ar bhonn ráithiúil. Tá teacht ar phóstaeir agus bileoga réitithe ag an eagraíocht. Tá bileog dhátheangach ar an luath-thumoideachas agus bileog le buneolas maidir leis an tumoideachas agus na buntáistí a bhaineann leis an gcóras, dírithe ar thuismitheoirí agus an scoilphobal i gcoitinne i roinnt teangacha difriúla toisc na spéise sa ghaelscolaíocht atá ag roinnt tuismitheoirí nach bhfuil an Béarla nó an Ghaeilge acu mar mháthairtheanga (Leaganacha Gaeilge / Béarla/ Fraincise/Polainnise/Portaingéilise/ Rúisise & Rómáinise). Is fiú go mór do ghaelscoileanna leas a bhaint as an bpacáiste 'Buneolas ar an Ghaelscolaíocht' atá ar fáil do thuismitheoirí nua chomh maith.

Tá físeán eolais "Buneolas ar an Ghaelscolaíocht" ar fáil chomh maith ar phríomhleathanach shuíomh gréasáin **Gaeloideachas**, www.gaelscoileanna.ie. Is físeán eolais nua-aimseartha spreagúil é seo do thuismitheoirí ina ndírítear ar na buntáistí a bhaineann leis an

ngaelscolaíocht agus ina bhfreagraítear na gnáthcheisteanna a bhíonn ag tuismitheoirí agus iad ag machnamh ar an ngaelscolaíocht mar rogha dá bpáistí. Cuirtear agallamh ar iarscoláirí, ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí agus ar ndóigh ar na páistí iad féin.

Forbairt Scoilphobail

Tá Treoirleabhar ar an bhForbairt Scoilphobail á fhorbairt ag Gaeloideachas
Cáipéis le treoracha cinnte, dea-chleachtais agus liostaí iomlána féidearthachtaí ar chúrsaí scoilphobail atá i gceist. Molann Gaelscoileanna Teo. do gach scoil polasaí ar an ábhar – Cúrsaí Scoilphobail agus an Ghaeilge - a réiteach. Cáipéis ar féidir le foireann na hoifige í a leasú go leanúnach agus cur léi de réir mar a thagann dea-chleachtais chun cinn.
Is é sprioc an treoirleabhair seo ná feasacht i dtaobh cúrsaí scoilphobail a ardú, dea-chleachtais a léiriú agus a spreagadh agus moltaí a spreagadh.

Cur síos ar an tseirbhís scoilphobail atá á cur ar fáil ag Gaeloideachas

Imeachtaí Idirscoile

- Deontais ar fáil do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna
- Tuairisc agus grianghraif ó na scoileanna rannpháirteacha foilsithe ar an suíomh le haitheantas a tabhairt dóibh agus spreagadh a thabhairt do scoileanna eile.
- Liosta d'áisitheoirí agus comhlachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge ar an suíomh. Teagmháil le comhlachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do scoileanna le seirbhís i nGaeilge a éileamh.

Scaipeachán eolais

- Seirbhís nuachta: Nuacht uasdátaithe go laethúil le go mbeidh scoileanna ar an eolas maidir le himeachtaí, scéimeanna agus deiseanna forbartha scoilphobail. Is féidir an nuacht a léamh ar an suíomh, síntiús RSS a ghlacadh leis nó achoimre nuachta a fháil go laethúil ar ríomhphost. Cuimsíonn an tseirbhís scéalta ón eagraíocht, nuacht ábhartha ó na meáin, scéalta ó na scoileanna féin agus scéalta ó eagraíochtaí a chuireann seirbhísí, etc. ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge mar aon le deiseanna fógraíochta do na heagraíochtaí seo
- Féilire: Imeachtaí ábhartha do na scoileanna ó na foinsí thuasluaite le fáil ar an suíomh
- Nuachtlitir: Foilsithe x3 in aghaidh na bliana, cóip chrua sa phost agus PDF ar ríomhphost agus le léamh ar an suíomh
- Naisc ón suíomh gréasáin: Liosta d'eagraíochtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do scoileanna agus mórphobal na Gaeilge

Scléip

Is éard atá i Scléip ná comórtas tallainne spreagúil agus spraíúil atá dírithe go sonrach ar na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tá an comórtas ag dul ó neart go neart ó 2005 i leith, agus cuireann sé béim ar na healaíona nua-aimseartha agus ar chruthaitheacht agus cumadóireacht na rannpháirtithe. Tugann sé deis do dhaltaí iarbhunscoile ceol, amhráin, cóiréagrafaíocht agus drámaíocht nuachumtha a chur ar stáitse os comhair lucht féachana agus moltóirí proifisiúnta, in amharclanna ó cheann ceann na tíre.

Comhfhiontar le FNT

- An Traein (leabhrán agus an scéim phíolótach) – moltaí ar conas is féidir le naíonra agus bunscoil lán-Ghaeilge comhoibriú chun leasa an aistrithe do na páistí atá ag bogadh ón naíonra chuig an ngaelscoil.
- Bunú Cúram Iarscoile Lán-Ghaeilge á phleanáil.

Cúrsa Gaeilge do Thuismitheoirí

- Acmhainní ar fáil do scoileanna de réir éilimh.

11.

Foireann na Gaelscoile

Earcaíocht Foirne

Bíonn dualgas faoi leith ar an mBord Bainistíochta mar fhostóir, daoine oilte gairmiúla a earcú le cur i bhfeidhm na hoibre sa Ghaelscoil. Molann **Gaeloideachas** go gcinntíonn Bord Bainistíochta na gaelscoile go bhfuil sainriachtanais na gaelscolaíochta deimhnithe acu agus iad ag earcú foirne ón margadh oscailte agus ón bpainéal nuair a bhíonn sé i bhfeidhm. Ceadaíodh painéal ar leith do scoileanna faoin bhForas Pátrúnachta. Tá **Gaeloideachas** ag plé le ceist an phainéil thar ceann na scoileanna atá faoi phatrúnacht an Easpaig le roinnt blianta anuas leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá stocaireacht déanta de réir rúin a ritheadh ag an gComhdháil Bhliantúil go mbeadh painéal athiomlonnaithe ar leith ann do na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá sé tábhachtach do Bhord Bainistíochta atá ag iarraidh ceapachán a chur i gcrích ó phainéal an Easpaig a chinntiú go bhfuil an múinteoir cumasach agus toilteanach dul ag múineadh i suíomh lán-Ghaeilge agus go bhfuil siad sásta sainmheon na gaelscoile a chur chun cinn.

Foireann Teagaisc

Caithfear teacht ar mhúinteoirí den scoth a thuigeann foghlaim an dara teanga agus a fheiceann an dúshlán atá orthu an Ghaeilge a leathnú mar theanga labhartha cumarsáide. Bíonn orthu barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge féin le cabhair na scoile más gá. Beidh ar an bhfoireann, gan eisceacht, a bheith ionraic, dáiríre agus seasmhach ina gcuid oibre chun sainmheon na gaelscolaíochta a bheathú sa ghaelscoil. Is é ról na foirne trí chéile rialacha atá soiléir maidir leis an nGaeilge labhartha a aontú le chéile agus leis na daltaí agus ansin iad a chur i bhfeidhm. Caithfidh siad bheith níos dáiríre agus níos díograisí, cur i gcás, ina gcuid iarrachtaí an Ghaeilge a chur i réim i gclós na scoile. Beidh siad féin ina n-eiseamláirí do chách ina n-iompar laethúil i leith na Gaeilge. Moltar go mbeidh baill foirne ag leanúint cúrsa gairmiúil éigin Gaeilge ar bhonn rialta. Tá cinn faoi leith ar fáil ó www.gaelcultur.ie. Ba chóir go mbeadh deis ag foireann teagaisc na scoile tréimhsí a chaitheamh sa Ghaeltacht ina saol gairmiúil.

Aithníonn **Gaeloideachas** na deacrachtaí a bhaineann le múinteoirí ionadaithe a aimsiú a bhfuil scileanna Gaeilge ar ardchaighdeán acu d'obair i mbunscoileanna, an easpa cainteoirí dúchais Gaeilge i measc múinteoirí, agus

saincheist na forbartha teanga i measc múinteoirí a bhfuil an Ghaeilge mar an dara teanga acu. Thagair Caoimhe Máirtín don ghéarchéim i soláthar múinteoirí do na bunscoileanna lán-Ghaeilge i dtuairisc a d'ullmhaigh sí don Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ba chóir go mbeadh fáil ag foireann uile na Gaelscolaíochta ar threoir phraiticiúil bunaithe ar thaighde i dtaobh saincheisteanna tumoideachais, mar shampla foilseachán an Dr Seán Mac Corraidh, *Gearrchosáin Foghlama agus Teagaisc sa Ghaelscolaíocht: Bitesize advice on learning and teaching in Irish Medium Education.*

Ba chóir scagadh a dhéanamh ar chláir oideachais an Aontais Eorpaigh (mar shampla, Comenius) le féachaint arbh fhéidir leas a bhaint astu chun sainscileanna agus taithí sa tumoideachas a roinnt le pobail eile a labhraíonn teangacha neamhfhorleathana. Creideann **Gaeloideachas** gur gá ceannródaithe a aithint agus lán-úsáid a bhaint as a gcumas le buntáistí an tumoideachais a chur os comhair an phobail, e.g. tuismitheoirí, daltaí, daoine cáiliúla. Tapaítear an deis seo go minic ag Comhdháil Bhliantúil **Gaeloideachas.**

Bainistíocht Inmheánach Scoile

Tá labhairt na Gaeilge i measc na bpáistí práinneach maidir le rath agus dul chun cinn an oideachais agus na scoile. Tá ról ag gach ball scoile ina leith ach is gá go n-ainmneofaí múinteoir ar leith chuige chomh maith céanna. Is é ról na foirne sinsearaí a chinntiú go gcomhlíonann gach duine a fhreagrachtaí agus a dhualgais agus go bhfuil an straitéis aontaithe sa ghaelscoil éifeachtach. Bíonn na múinteoirí seo féin ina n-eiseamláirí do chách ina n-iompar laethúil i leith na Gaeilge. Tá tábhacht ar leith leis an ardbhainistíocht. Mura bhfuil an fhreagracht ar an bPríomhoide, moltar go mbeadh cur i bhfeidhm Pholasaí na Gaeilge sa scoil ag gabháil le ceann de na Poist um Dhualgais Speisialta. Bheadh sé mar chúram ar an múinteoir seo i dteannta an phríomhoide agus an bhoird bhainistíochta agus i gcomhairle leis an bhfoireann uile plean a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an bhoird agus féachaint chuige go bhfuil sé á chur i bhfeidhm. Bheadh gá athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí go rialta ag brath ar chúinsí na scoile.

An Príomhoide

Is é ról an phríomhoide ceannaireacht chinnte a thabhairt sna saincheisteanna atá luaite sa pholasaí agus cur chuige struchtúrtha a chruthú a chinnteoidh cur i bhfeidhm. Ba chóir don phríomhoide ina t(h)uairisc cuntas a chur ar fáil maidir le dul chun cinn na Gaeilge ag cruinnithe den bhord bainistíochta.

Foireann Bhreise

Bíonn gá go gcuirfí brú ar na hÚdaráis chuí le go gcinnteofaí gur daoine le Gaeilge a bheadh ar an bhfoireann theagmhasach sa scoil ionas nach gcuirfí aon bhac ar thimpeallacht iomlán Ghaelach a chruthú taobh istigh de gheataí na scoile. Is minic a theipeann ar an bhfeachtas seo, áfach, agus nach féidir teacht ar dhaoine cuí le cumas sa Ghaeilge. Molann **Gaeloideachas** don Bhord Bainistíochta dua a chaitheamh le foireann bhreise le Gaeilge a fháil. Ba chóir go mbeadh Gaeilge líofa ag rúnaí, cúntóirí riachtanas speisialta agus feighlí na scoile. Ba chóir dóibh Gaeilge a labhairt le páistí, múinteoirí agus tuismitheoirí chomh fada agus is féidir. Is cuid d'fhoireann na scoile gach fostaí sa scoil agus tá dualgas orthu an Ghaeilge a úsáid agus a chinntiú nach ndéanfaidh siad spiorad sainiúil na scoile a shárú agus iad i mbun oibre. I suíomh dátheangach is féidir le cúntóirí ranga a bhfuil scileanna Gaeilge ardchaighdeáin acu cur go mór le tacaíocht d'fhoghlaim na bpáistí trí mheán na Gaeilge.

12.

Leanúntas in Oideachas Múinteoirí

Léiríonn Leanúntas in Oideachas Múinteoirí na gníomhaíochtaí oideachasúla agus forbarthacha, idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena bpléann múinteoirí, mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, le linn a ngairmréime múinteoireachta. Cuimsíonn sé oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú, forbairt ghairmiúil luath agus leanúnach agus, go deimhin, tacaíocht dhéanach ghairmréime. Céim mhór chun tosaigh maidir le forbairt na múinteoireachta mar ghairm in Éirinn ab ea bunú na Comhairle Múinteoireachta mar an comhlacht um chaighdeáin ghairmiúla mhúinteoireachta. Léiríonn *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* na dúshláin agus na riachtanais a thagann chun cinn maidir le múinteoirí a ullmhú chun Gaeilge a mhúineadh ar feadh a ngairme.
Ag teacht leis an straitéis sin, aithníonn an Chomhairle gur gá ardchaighdeáin sa Ghaeilge a bheith ag múinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile maidir le Gaeilge a theagasc mar ábhar, í a úsáid mar mheán cumarsáide agus mar mheán teagaisc. Glacann an Chomhairle leis gur féidir an riachtanas seo a thabhairt san áireamh ag gach céim den leanúntas.

Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Ciallaíonn Oideachas Tosaigh Múinteoirí an bhonnchéim foghlama mar mhúinteoir nuair a bhíonn múinteoirí faoi oiliúint ag freastal ar chlár aitheanta oideachas múinteoirí curtha ar fáil ag Foras Ard-Oideachais. Leagtar síos an bhunchloch phroifisiúnta agus acadúil do ghairm na múinteoireachta. Tháinig sé chun solais i dtaighde Uí Mháirtín, 2006, nach bhfeictear do phríomhoidí go bhfuil na coláistí oideachais ag freastal ar riachtanais na ngaelscoileanna. Is i gColáiste Mhuire, Béal Feirste, amháin atá an B.Oid. lán–Ghaeilge. Aithníonn **Gaeloideachas** go bhfuil modúil ar an tumoideachas curtha ar fáil ag na coláistí oiliúna dá mic léinn reatha ach tá ullmhúchán breise ag teastáil. Cabhraíonn sé seo le múinteoirí tosaigh an suíomh gaelscolaíochta a thuiscint agus iad ag tosú amach. Ní leor é, áfach, nuair atá ról faoi leith ag insealbhú teanga agus cúrsaí tumtheagaisc sna gaelscoileanna nach n-áirítear i ngnáthbhunscoileanna. Tá súil ag **Gaeloideachas**, áfach, go dtiocfaidh leathnú suntasach ar na deiseanna a bheidh ag ábhar múinteoirí iad féin a shaibhriú maidir le múineadh sna gaelscoileanna agus an struchtúr nua atá i bhfeidhm in Oideachas Tosaigh Múinteoirí. Tá sé tábhachtach do scoileanna taithí ar chleachtadh múinteoireachta sa ghaelscoil agus socrúchán scoile a chur ar fáil má iarrtar é chun na hábhair múinteoirí a mhealladh isteach sa chóras lán-Ghaeilge go fadtréimhseach agus gach cúnamh a thabhairt dóibh le linn a dtréimhse.

Ionduchtú

Tá sé tábhachtach go n-éireodh le múinteoirí nuacháilithe na modhanna agus na teoiricí a d'fhoghlaim siad ar an leibhéal Oideachas Tosaigh Múinteoirí a chur i bhfeidhm nuair a théann siad ag múineadh den chéad uair. Caithfimid mar sin a chinntiú go gcuirfimid cabhair agus tacaíocht ar fáil dóibh sna gaelscoileanna agus go mbeidh an dea-chleachtas is fearr á léiriú dóibh. Sa Chlár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, féachtar le tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí nua-cháilithe (MNC) agus iad á n-ionduchtú. Fágann an tacaíocht sin go mbíonn bunchlocha leagtha le haghaidh tuilleadh fáis ghairmiúil agus tuilleadh forbartha. Ceann de na rudaí is tábhachtaí a bhaineann leis an gclár is ea teacht a bheith ag an MNC ar mheantóir ar scoil. Is duine é an meantóir ar féidir leis an múinteoir dul chun cainte leis agus tacaíocht phearsanta, ghairmiúil nó oideolaíoch a fháil uaidh le linn na chéad bhliana dóibh bheith ag múineadh. Bíonn cabhair shainiúil ag teastáil ón MNC sa ghaelscoil agus iarrann **Gaeloideachas** ar bhainistíocht ghaelscoileanna múinteoirí a chuireann dea-chleachtas gaelscolaíochta chun cinn agus a bhfuil scileanna idirphearsanta maithe acu a ainmniú mar mheantóirí agus mar oiliúnóirí ar an gClár Náisiúnta Ionduchtaithe. Tá ceardlanna riachtanacha curtha ar bun ag An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí chun cabhrú le múinteoirí nuacháilithe a gcuid riachtanas a shásamh. Múinteoirí a bhfuil taithí acu a chuireann na ceardlanna ar siúl ar bhonn áitiúil agus tá sé i gceist go mbeidís idir phraiticiúil agus idirghníomhach. Tá múinteoirí gaelscoileanna oilte mar éascaitheoirí leis an gclár sna hIonaid Oideachais . Tá acmhainní ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNIM ar www.teacherinduction.ie.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Tá Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) mar dhualgas ar gach múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Múinteoireachta. Sa chomhthéacs sin, ba chóir do mhúinteoir
cláraithe céimeanna réasúnta a ghlacadh chun an t-eolas gairmiúil, scileanna agus ábaltachtaí mar a oireann dá c(h)uid teagaisc a fhorbairt agus a leathnú. Is inmholta an rud é nach mbíonn forbairt ghairmiúil á spreagadh ag na soláthraithe amháin (An Roinn Oideachais agus Scileanna, mar shampla) mar fhreagra ar na riachtanais a shamhlaítear dóibh sa chóras gaelscolaíochta. Le blianta anuas tá múinteoirí na ngaelscoileanna á spreagadh ag **Gaeloideachas** agus á n-oiliúint chun sprioc-chúrsaí ar ghnéithe den ghaelscolaíocht a dhearadh agus a chur i láthair a gcómhúinteoirí. Is deis iontach é seo dea-chleachtas agus dúshláin araon a chíoradh. Is fiú go mór do scoileanna nasc a bheith acu leis an Ionad Oideachais áitiúil agus leas a bhaint as an réimse leathan seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu. Dar le Ó Duibhir (2006) in *'Oideachas agus forbairt ghairmiúil leanúnach múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge'* tá gá le struchtúr

tacaíochta náisiúnta chun freastal ar na sainriachtanais forbartha gairmiúla atá ag múinteoirí Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
Tá deiseanna iarchéime ann anois dírithe ar mhúinteoirí gaelscoileanna in Ollscoil na Gaillimhe (MA/Dioplóma Iarchéime Teagaisc Teangacha Gaeilge) agus i gColáiste Pádraig, Baile Átha Cliath (Máistreacht san Oideachas).

Cuireadh tús le clár iarchéime nua, *M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge,* i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach, i Meán Fómhair 2013. Sa chlár nuálach seo dírítear ar oideolaíocht agus ar theoiric an tumoideachais agus an dátheangachais ag tagairt go sonrach do riachtanais um fhorbairt ghairmiúil agus d'inniúlachtaí teangeolaíochta na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Den chéad uair i bPoblacht na hÉireann, tá clár ilchodach le sraith modúl atá comhtháite, comhleanúnach agus idirghaolmhar curtha ar fáil le freastal go sonrach ar oideoirí tumoideachais agus ar ghairmithe eile a bhíonn ag obair i réimse an oideachais lán-Ghaeilge.

An Chomhdháil Bhliantúil

Moltar do mhúinteoirí freastal ar Chomhdháil Oideachais **Gaeloideachas**, atá mar chuid de Chomhdháil Bhliantúil na heagraíochta. Bíonn deis iontach ann éisteacht le saineolaithe, páirt a ghlacadh i gceardlanna a bhíonn deartha ag múinteoirí a bhfuil an taithí acu ar an gcóras agus an taighde beo reatha a roinnt le comhghleacaithe.

An Príomhoide

Tá cinnireacht éifeachtach scoile ríthábhachtach maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí. Caithfidh cinnireacht teagaisc an phríomhoide a bheith ag gcroílár a c(h)uid oibre. Ba chóir do FGL forbairt inniúlachtaí a chothú chun foghlaim den scoth a éascú agus freastal ar thosaíochtaí oideachais.

Molann **Gaeloideachas** gur chóir go nglacfadh príomhoidí agus iad siúd arb é a mian a bheith ina bpríomhoidí páirt in oiliúint ceannaireachta atá ar fáil. Chuige sin d'eagraigh **Gaeloideachas**, i gcomhar leis an gCoiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas, comhdháil uile-oileáin ar Fhorbairt na Ceannasaíochta sa Bhunscoil Lán-Ghaeilge. Aithnítear go bhfuil gá tacaíocht a chur ar fáil do phríomhoidí le dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna atá ann san earnáil lán-Ghaeilge ar mhaithe lena bhforbairt ghairmiúil phearsanta féin agus forbairt a gcuid foirne.

Tá teagmháil rialta ag **Gaeloideachas** leis an tionscnamh 'Forbairt Ceannródaíochta i Scoileanna' agus le Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann. Cruthaíonn **Gaeloideachas** naisc idir phríomhoidí le taithí agus saineolas agus príomhoidí atá nuacheaptha. Baineann an chomhairle seo le cúrsaí teagaisc agus le cúrsaí bainistíochta scoileanna. Molann **Gaeloideachas** go láidir go leanfadh príomhoidí na scoileanna orthu mar líonra leis an bplé proifisiúnta a bhíonn idir scoileanna mar go dtacaíonn sé go mór le caighdeán agus le híomhá na hearnála lán-Ghaeilge.

Tá Lámhleabhar do Phríomhoidí i scoileanna lán-Ghaeilge foilsithe ag **Gaeloideachas** i gcomhar leis an bhForas Pátrúnachta. Féadfar é a íoslódáil mar PDF ó www.gaelscoileanna.ie/resources/
I measc na n-ábhar a chlúdaítear ann tá eolas agus treoir maidir le:

- Dialann Threorach na Scoilbhliana
- Foireann na Scoile
- Rollúcháin Scoile
- An Bord Bainistíochta
- Cúrsaí Pearsanta
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Acmhainní
- Foirm shamplach chlárúcháin do dhaltaí.

Ríomhfhoghlaim

Tugann an ríomhphost deiseanna do mhúinteoirí cumarsáid a dhéanamh le comhghleacaithe agus le saineolaithe ar raon saincheisteanna gairmiúla. Tuigeadh an tábhacht i gcónaí a bhain leis an idirphlé gairmiúil a bhíonn idir mhúinteoirí i gcás na gaelscolaíochta. Rinneadh iarrachtaí i gcónaí múinteoirí a thabhairt le chéile chun modhanna múinte a phlé, ach bíonn deacrachtaí ag baint leis seo mar go minic bíonn na scoileanna i bhfad óna chéile ar bhonn tíreolaíoch. Sáraíonn an ríomhfhoghlaim an fhadhb seo. Is iontach na deiseanna a chuireann ríomhfhoghlaim ar fáil do mhionghrúpa ar bith. Tá go leor áiseanna ar fáil do scoileanna ar shuíomh gréasáin **Gaeloideachas,** www.gaelscoileanna.ie, ina measc eolas ón oiliúint a reáchtáil an eagraíocht, deis bheith cláraithe le fotha RSS chun nuacht reatha a fháil, acmhainní do scoileanna (mar shampla roinnt polasaithe samplacha agus foilseacháin na heagraíochta) agus naisc chuig suíomhanna áisiúla do

scoileanna lán-Ghaeilge i measc go leor eile.

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM)

Is féidir eolas reatha faoi ghnéithe sainiúla de mhúineadh na Gaeilge a fháil ar láithreán gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) www.pdst.ie. Is fiú go mór dul i muinín na seirbhíse cuiditheoireachta a bhíonn ar fáil. Tugann sé deis iontach don scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas atá ar siúl agus na modhanna agus na straitéisí is oiriúnaí a thabhairt chun solais. Is cóir leas a bhaint as an tseirbhís a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge, agus mura mbíonn sí ann, í a éileamh. Bíonn deis ag múinteoirí bheith ar phainéal Éascaitheoirí Áitiúla SFGM. Tá sé tábhachtach go mbeadh múinteoirí gaelscoile páirteach san obair seo.

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Comhoibríonn **Gaeloideachas** leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a bunaíodh faoin Acht Oideachais, 1998, le riachtanais oideachais na scoileanna a aithint agus a sholáthar. Bhí **Gaeloideachas** lárnach i mbunú na Comhairle agus tá ionadaíocht láidir acu ar an gComhairle. Tá an Chomhairle freagrach as pleanáil agus comhoibriú acmhainní do theagasc na Gaeilge agus don teagasc trí mheán na Gaeilge, agus tugann sí comhairle don Aire Oideachais ar rud ar bith a bhaineann le cur chun cinn na gaelscolaíochta. Bíonn ról suntasach ag an gComhairle i bhforbairt ghairmiúil don earnáil lán-Ghaeilge. Tá Innéacs Taighde curtha ar fáil ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (www.cogg.ie) a chabhraíonn le hoideachasóirí na gaelscolaíochta teacht ar eolas atá de dhíth orthu.

13.
Tuismitheoirí

Is le toil mheáite na dtuismitheoirí a bhunaítear gaelscoil. Murach iad agus an t-éileamh speisialta a chothaigh siad ní bheadh an seasamh atá bainte amach ag na gaelscoileanna anois mar atá.

Is é ceann de na dúshláin is mó atá san earnáil ná nach bhfuil an soláthar ag teacht leis an éileamh do scoileanna lán-Ghaeilge ar an dá leibhéal. Le cúpla bliain anuas tá an córas bunaithe scoile athraithe ó bhonn, agus fágtar roghnú na gceantar ina mbeidh scoil lán-Ghaeilge faoi chinneadh na Roinne Oideachais agus Scileanna. Déanann na pátrúin ar mian leo scoil a bhunú comhairliúchán leis na pobail faoi seach sna ceantair sin chun a mianta a mheas maidir leis an gcineál scoile atá uathu, scoil lán-Ghaeilge san áireamh, agus de réir na sainchreideamh éagsúil. Tá ról lárnach agus gníomhach ag **Gaeloideachas** sa phróiseas seo agus iad ag comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an bhForas Pátrúnachta, agus leis na pátrúin uile ar an dá leibhéal chun scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú.

Tá formhór na dtuismitheoirí i ngach gaelscoil tar éis cinneadh faoi leith a thógáil a bpáistí a chlárú sa ghaelscoil. Is é is dóichí dar le **Gaeloideachas** ná go mbeadh an Béarla nó teanga eile nach í an Ghaeilge in uachtar sa bhaile ag 95% de na daltaí a fhreastalaíonn ar na gaelscoileanna ach go mbeadh na tuismitheoirí uile báúil le cur chun cinn na teanga. Tá fáthanna ar leith a roghnaíonn tuismitheoirí oideachas gaelscolaíochta dá bpáistí:

(a) Tá Gaeilge sa bhaile acu agus tá tacaíocht á lorg ag na tuismitheoirí ó thaobh an chórais oideachais de - bheadh fíorbheagán tuismitheoirí i gceist anseo.
(b) Tá spéis ag na tuismitheoirí sa Ghaeilge agus creideann siad go bhfuil áit lárnach ag an teanga dhúchais i bhféiniúlacht chultúrtha a chaomhnú nó a mhéadú.
(c) Fuair duine nó beirt de na tuismitheoirí a gcuid scolaíochta trí mheán na Gaeilge agus ba mhaith leo go mbeadh an t-eispéaras céanna ag a bpáistí.
(d) Tá an-spéis ag na tuismitheoirí san oideachas dátheangach agus creideann siad go ndéanann an ghaelscoil scileanna teanga indíolta a sholáthar agus go méadaítear ar stádas agus ar dheiseanna post dá réir.
(e) Méadú ar an gcomhlánú pearsanta dá bpáistí.
(f) Teastaíonn uathu a bheith bainteach leis an scoil mar thuismitheoirí agus creideann siad go bhfuil an-deis acu sa ghaelscoil a bheith gníomhach i dtógáil phobal na scoile.
(g) Is í an ghaelscoil an scoil is cóngaraí dóibh.

Is dóigh leis na tuismitheoirí go mbíonn luach breise pearsanta á fháil ag a gcuid páistí sa chóras gaelscolaíochta. Braitheann an-chuid tuismitheoirí gur chaith siad féin na blianta ag foghlaim na Gaeilge mar ábhar agus nach raibh riamh cumas cainte iontu sa teanga sin. Bíonn na tuismitheoirí sin ag cabhrú lena gclann seilbh a fháil ar a ndúchas trí chumas labhartha agus smaointeoireachta ar leith a thabhairt dóibh. Uaireanta nuair a bhíonn gaelscoil bunaithe ar feadh cúpla bliain is mar gheall ar fheabhas na gaelscoile mar scoil a roghnóidh roinnt tuismitheoirí í dá bpáistí. Creidtear gur den ríthábhacht é go rachadh an ghaelscoil i bhfeidhm go mór ar na tuismitheoirí ón gcéad lá mar aithnítear gur ag na tuismitheoirí a bhíonn an tionchar is mó ar na páistí agus trína dtacaíocht dhearfach a neartaítear an scoil agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne.

Tá roinnt bealaí inar féidir le tuismitheoirí cabhrú agus tacú le hobair na scoile:

- labhairt go minic leis na páistí faoi na cúiseanna ar roghnaíodh gaelscoil dóibh agus na buntáistí a ghabhann léi.
- tacaíocht a thabhairt do pholasaí na Gaeilge sa scoil.
- an Ghaeilge a úsáid am ar bith is féidir.
- an Ghaeilge a labhairt i dtimpeallacht ag teacht chun na scoile agus ag imeacht ón scoil más féidir leo.
- na páistí ag cloisteáil na dtuismitheoirí ag labhairt Gaeilge leis na múinteoirí agus leis an bpríomhoide sa scoil más féidir leo, nó iad ag scríobh seic nó litreach as Gaeilge nó ag cur teachtaireacht ríomhphoist chuig cara. Ba leor an seoladh a scríobh as Gaeilge nó beannú as Gaeilge do chara ar an nguthán chun dearcadh dearfach a chothú sna páistí agus le go bhfeicfidís gur féidir an Ghaeilge a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh taobh amuigh den scoil.
- tá sé tábhachtach go bhfeicfear do na páistí stádas a bheith ag an nGaeilge ina mbaile féin, go mbíonn sí le cloisteáil ar an teilifís, ar an raidió agus go mbíonn sí mar chuid d'ábhar léitheoireachta an teaghlaigh. Ní mór do thuismitheoirí dea-shampla a thabhairt. Mar shampla má bhíonn nós ag tuismitheoirí féachaint ar chlár Gaeilge ar an teilifís bíonn seans níos fearr ann go mbeidh na páistí ag féachaint orthu.
- is féidir leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge trí fhreastal ar ranganna (eagraítear iad seo sa scoil go minic).
- na páistí a spreagadh an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin, sa bhaile ar an nguthán lena chéile, ag cóisirí agus ag imeachtaí iarscoile.

- ag scríobh cártaí/ cuiridh breithlá/Nollag/ buíochais (D'fhéadfadh an scoil an téarmaíocht a chur ar fáil ar bhileog).

Ba chóir don Ghaelscoil foclóir de na téarmaí is coitianta a bhíonn ar chomhfhreagras ag dul abhaile a chur ar fáil. B'fhiú nótaí a chur abhaile i nGaeilge amháin más féidir nó go dátheangach murar féidir ag tabhairt tús áite don chló i nGaeilge an t-am ar fad. Nuair atá Tuairiscí Scoile ag dul abhaile ag deireadh na bliana is i nGaeilge a bheidh siad ach tá sé tábhachtach míniúchán as Béarla a chur chuig na tuismitheoirí chomh maith.

Cruinnithe Eolais do Thuismitheoirí

Go minic reáchtálann múinteoirí cruinniú oscailte tuismitheoirí ag tús gach scoilbhliana chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin mbliain rompu amach. Ceann de na haidhmeanna a bhíonn ag an gcruinniú seo ná deimhniú a dhéanamh ar shainmheon na scoile. Tugtar cuntas ar obair na scoile le linn na bliana agus cuirtear sainmheon gaelscoile na scoile chun cinn. Caithfear tábhacht na Gaeilge a mhíniú i gcomhthéacs an oideachais agus a chur ina luí ar na tuismitheoirí gur comhoibriú idir an scoil agus na tuismitheoirí atá ag teastáil chun sár-Ghaeilge, agus sároideachas dá bharr, a thabhairt do na páistí.
Ba chóir córas luacha na Gaeilge a mhíniú (agus gach aon ghné eile de pholasaí Gaeilge na scoile) agus iarracht a dhéanamh na tuismitheoirí a mhealladh le bheith páirteach ann. Is féidir eolas a roinnt leis na tuismitheoirí go léir maidir leis na háiseanna foghlama ar fad atá ann don oideachas trí Ghaeilge.

Cruinnithe Múinteoirí/Tuismitheoirí

B'fhiú do mhúinteoirí fáiltiú roimh thuismitheoirí/ chaomhnóirí chuig na cruinnithe as Gaeilge agus an rogha a thabhairt dóibh ansin an cruinniú a reáchtáil ina rogha teanga. Ba chóir do mhúinteoirí tagairt a dhéanamh i gcónaí do shainmheon na scoile leis na tuismitheoirí agus iarracht a bpáistí i leith labhairt na Gaeilge a chur ina láthair. Tá sé riachtanach a dtacaíocht a fháil ina leith.

Obair bhaile

Is minic, agus tuismitheoirí ag clárú a bpáistí sa ghaelscoil, go léiríonn siad buairt faoin obair bhaile. Ba chóir go mbeadh polasaí soiléir ag an ngaelscoil chuige sin. Is mar chur i bhfeidhm ar obair scoile a bhíonn an obair bhaile agus an ról a bhíonn ag an tuismitheoir ná tacú leis chun a chinntiú go bhfuil dea-nósanna oibre agus

neamhspleáchas á gcothú sa pháiste. Níor cóir go mbeadh easpa Gaeilge mar bhac ar aon tuismitheoir tacú leis an obair scoile sa bhaile. Ní mór don scoil a chinntiú go bhfuil ról ag na tuismitheoirí i ndearadh an pholasaí sa Ghaelscoil maidir le hobair bhaile. Tá clubanna obair bhaile bunaithe i roinnt scoileanna anois. Tá sé éigeantach go mbeadh Gaeilge ag an duine i bhfeighil an chlub, gan amhras.

Teaghlaigh lán-Ghaeilge

Bíonn suas le 5% de pháistí ag teacht ó theaghlaigh ina mbíonn an Ghaeilge mar phríomhtheanga sa bhaile. Bíonn deis acu sa ghaelscoil leathnú léargais a fháil ar an nGaeilge agus ar shaol na Gaeilge. Mar a luadh cheana sa leabhrán seo molann **Gaeloideachas** gur chóir don ghaelscoil machnamh a dhéanamh ar na socruithe atá ann chun freastal a dhéanamh ar na riachtanais forbartha teanga atá ag páistí a bhfuil Gaeilge acu ó dhúchas. Is gá a mhíniú do thuismitheoirí go mb'fhéidir go mbeidh dhá chineál Gaeilge ag na páistí, cineál amháin sa bhaile lena dtuismitheoirí agus le daoine eile a bhfuil cleachtadh acu Gaeilge chruinn a chloisteáil uathu agus cineál eile lena gcairde ón ngaelscoil. Is minic gur ábhar imní do thuismitheoirí é an "meath", mar a fheictear dóibh é, ar chumas cainte a gcuid páistí nuair a théann siad chuig gaelscoil. Tá tagairt déanta dó ag Aoife Ní Shéaghdha i *'Taighde ar Dhea-chleachtais Bhunscoile i dtaca le Saibhriú/Sealbhú agus Sóisialú Teanga do Dhaltaí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga'.* Molann **Gaeloideachas** do scoileanna tuismitheoirí a bhíonn ag tógáil clainne le Gaeilge nó go dátheangach a chur i dteagmháil le *Comhluadar* (www.comhluadar.ie) chun breis cabhrach a fháil san obair seo.

Tuismitheoirí ar an mBord Bainistíochta

Toisc gur tuismitheoirí iad formhór bhunaitheoirí na ngaelscoileanna bíonn ról an- tábhachtach acu ar an mBord Bainistíochta. Is minic a tharlaíonn sé go bhfeidhmíonn tuismitheoir mar chathaoirleach an bhoird. Bíonn ionadaithe na dtuismitheoirí ann dar ndóigh agus is tuismitheoirí ionadaithe an phatrúin freisin go rialta. Is freagrachtaí móra casta iad seo a chomhlíontar go deonach agus le dea-thoil.

Cumann na dTuismitheoirí

Cuirtear Cumann na dTuismitheoirí nó coiste tacaíochta/cairde na scoile chun cinn sa ghaelscoil freisin mar atá leagtha amach san Acht Oideachais, 1998. Bíonn sé mar aidhm ag an gCumann tacaíocht a thabhairt don Bhord Bainistíochta maidir le dul chun cinn na scoile agus aidhmeanna an bhoird bhainistíochta a chomhlíonadh i measc na dtuismitheoirí, i measc na bpáistí agus i measc an phobail i gcoitinne. Tugann na coistí seo cúnamh airgid don scoil go minic ach tá tionchar níos leithne acu freisin. Cuireann siad deiseanna sóisialta ar fáil do thuismitheoirí na scoile agus tá ról lárnach acu i saol na scoile ag cur timpeallacht ghaelach chultúrtha ar fáil do thuismitheoirí agus do pháistí na gaelscoile. Ba chóir a chinntiú go bhfeidhmíonn an coiste trí Ghaeilge chomh fada agus is féidir nó go dátheangach ar a laghad. Tá sé tábhachtach go mbeadh Gaeilge ag an gcathaoirleach

mar go mbíonn deiseanna labhartha aige/ aici ar son na scoile go minic agus go dtugann labhairt na Gaeilge sainmheon na scoile chun solais go sonrach ag na hócáidí seo. De ghnáth bíonn cumas tuisceana agus labhartha i bhfad níos fearr ag tuismitheoirí ná mar a cheapann siad féin agus is fiú iad a mhealladh. Tá an-tábhacht ag baint le tuismitheoirí sna gaelscoileanna. Is daoine ar leith iad a thógann cinneadh fadradharcach agus a léiríonn muinín sa chóras. Tá an ghaelscolaíocht againn mar go ndéanann tuismitheoirí óga cinneadh ina dtithe féin an ghaelscolaíocht a roghnú mar chóras oideachais dá bpáistí óga. Rogha fhíordhearfach atá anseo, go mórmhór do thuismitheoirí atá ar bheagán Gaeilge nó atá gan Ghaeilge. Is buncheart atá ann agus leanfaidh **Gaeloideachas** ar aghaidh ag tacú le tuismitheoirí chun scoileanna a bhunú i mbailte beaga agus faoin tuath chun a chinntiú nach mbeidh stráicí móra den tír gan aon soláthar gaeloideachais ar an mbunleibhéal. Is treise i bhfad an ghluaiseacht agus iad ag gníomhú linn.

14.

Leanúnachas sa chóras gaeloideachais

An Naíonra

Dar leis an OECD (2002) tá buntáistí áirithe ag baint le ceangail láidre a fhorbairt idir an réamhscoil agus an bhunscoil, maidir le haidhmeanna comhaontaithe, le modhanna oideachasúla agus le comhthuiscint idir na baill foirne. Le breis is 30 bliain tá naíonraí agus gaelscoileanna ag obair i dteannta a chéile ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta trí **Gaeloideachas** agus Forbairt Naíonraí Teoranta agus na Naíonraí Gaelacha. Go minic is sa naíonra a bhíonn an chéad bhlaiseadh ag an bpáiste den luaththumadh iomlán. Is fiú go mór naíonra faoi stiúir Fhorbairt Naíonraí Teo. a bheith sa Ghaelscoil má tá an spás ann chuige. Is ceart go mbeadh ceangal fíorláidir idir an scoil agus an naíonra ar mhaithe lenár n-aidhmeanna comónta a bhaint amach. Cuireann na páistí beaga aithne ar an scoil agus ar phobal na scoile rud a dhéanann i bhfad níos éasca dóibh é nuair a bhíonn siad ag teacht isteach sna Naíonáin Shóisearacha. Leathnaíonn sé timpeallacht na Gaeilge sa scoil chomh maith agus cuireann tuismitheoirí an Naíonra aithne ar thuismitheoirí na gaelscoile ina theannta sin. Molann **Gaeloideachas,** Na Naíonraí Gaelacha agus Forbairt Naíonraí Teo. go mbeadh comhoibriú ar bhonn gairmiúil idir an naíonra agus an ghaelscoil an-tairbheach. Tá comhsheimineár ar ábhar na luathbhlianta eagraithe idir na heagraíochtaí seo agus ag eirí astu forbaraíodh comhthionscadail inar forbraíodh foilseachán an-úsáideach leis an Dr Máire Mhic Mhathúna dar teideal **'An Traein: Ag aistriú ón Naíonra go dtí an Bhunscoil.'** Tá sé mar aidhm ag an leabhrán cabhrú le stiúrthóirí naíonra, le múinteoirí gaelscoile agus tríothusan le páistí is le tuismitheoirí an t-aistriú ón naíonra go dtí an ghaelscoil a dhéanamh go socair. Tá moltaí ann faoin mbealach le polasaí aistrithe oiriúnach a cheapadh agus tugtar samplaí d'imeachtaí samplacha a d'fhéadfaí a chur san áireamh sa chlár aistrithe. Tá an cháipéis féin móide páipéar cúlra ar fáil ar shuíomhanna gréasáin **Gaeloideachas** agus Forbairt Naíonraí Teo.(www.gaelscoileanna.ie agus www.naionraí.ie) Tugtar cuntas inti ar na saintréithe a bhaineann leis an luath-thumoideachas agus ar chúrsaí teanga sna naíonraí agus sna gaelscoileanna.

Iarbhunscolaíocht

Má tá na daltaí chun an leas is fearr a bhaint as an gcontanam tumoideachais agus na buntáistí breise a ghabhann leis is fiú go mór do pháistí dul ar aghaidh chuig scoil dara leibhéal trí Ghaeilge. Is mar thoradh ar an mbunscoil lán-Ghaeilge de ghnáth a eascraíonn an iarbhunscoil lán-Ghaeilge i gceantar. Tá easpa leanúnachais ón mbunleibhéal go dtí an dara leibhéal (20%-90%) le sonrú faoi láthair, ag brath ar an gceantar. Tá roinnt cúiseanna leis seo, easpa soláthair scoileanna dara leibhéal ach go háirithe. Is fiú tabhairt faoi deara nuair atá teacht ag páistí na gaelscoile ar iarbhunscoil neamhspleách lán-Ghaeilge go mbíonn an ráta ag dul ar aghaidh i bhfad níos airde. Is gá do na gaelscoileanna naisc a chruthú leis an iarbhunscoil lán-Ghaeilge áitiúil agus deis a thabhairt do thuismitheoirí foghlaim faoi. Moltar do bhunscoileanna bileog mhargaíochta ar an iarbhunscoil atá foilsithe ag **Gaeloideachas** a sheoladh abhaile chuig tuismitheoirí agus páistí sa 4ú rang nó roimhe chun go mbeidh go leor ama ag tuismitheoirí pleanáil ar aghaidh chuige agus tuiscint a fháil ar na buntáistí a bhaineann le leanúnachas sa chóras tumoideachais.



15.
An Ghaeilge sa chlós

Cén fáth a bhfuil gá le polasaí Gaeilge don chlós?

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil cláir thumoideachais, an ghaelscolaíocht san áireamh, fíor-éifeachtach ag forbairt teanga acadúil daltaí, agus nach bhfuil siad chomh maith sin ag forbairt teanga shóisialta daltaí. Mar sin, ó thaobh an dea-chleachtais sa tumoideachas, tá ról lárnach ag múinteoirí fócas a chur ar theanga shóisialta daltaí chomh maith le teanga acadúil.

Aithnítear go forleathan i measc foirne scoileanna an tábhacht a bhaineann le clós súgartha scoile i saol scoile an pháiste bunscoile sa lá atá inniu ann ó thaobh an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte de. Is minic a thagann an clós chun cinn mar ábhar cainte ar chlár chruinniú foirne na scoile, ar chlár an bhoird bhainistíochta agus ag cruinnithe tuismitheoirí/ múinteoirí. Go traidisiúnta, tugadh saoirse faoi leith do na páistí sa chlós agus scaoileadh leo a rogha rud a dhéanamh laistigh de rialacha áirithe sábháilteachta dar ndóigh. Áirítear anois go bhfuil páistí ann, áfach, agus go mbíonn cabhair ag teastáil uathu páirt a ghlacadh in imeachtaí an chlóis. Chuige sin, tá nós tosaithe i scoileanna na hÉireann i gcoitinne cluichí foirne a bheith eagraithe agus fiú tarraingthe ar an talamh sa chlós chun cabhrú leo. Tá idir dhúshlán agus dheis don Ghaelscoil sa chomhthéacs seo. Tá leabhrán iontach dar teideal *'Spreag an Ghaeilge le Spraoi'* foilsithe ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí i gcomhpháirt leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta chun tacú le múinteoirí an Ghaeilge a spreagadh, a cheiliúradh agus a shaibhriú. Is ar an gcumarsáid agus ar an bhfoghlaimeoir mar úsáideoir gníomhach na teanga a leagtar béim sa leabhrán seo. I gcuraclam na Gaeilge tugtar tús áite do ghné seo na fíorchumarsáide. Tá cóip den leabhrán ar fáil go digiteach ar www.pdst.ie agus ar www.cogg.ie

Ceann de na dúshláin a aithnítear leis an gcóras tumtha go ginearálta ná nach féidir comhthéacs iomlán teanga a chruthú laistigh den seomra ranga mar nach mbíonn an comhthéacs nádúrtha ann. Bíonn sé rótheoranta go hiondúil. Chuige sin, tá sé riachtanach d'fhoireann teagaisc na ngaelscoileanna deiseanna eile a thapú agus a fhorbairt agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní eile atá ar fáil dóibh. Ceann de na hacmhainní is mó atá ann ná clós na scoile.
Toisc go bhfuil sé mar sprioc ag an ngaelscoil deis a chur ar fáil do pháistí saol scoile iomlán a chaitheamh trí Ghaeilge tá tábhacht thar cuimse le polasaí láidir scoile i leith labhairt na Gaeilge sa chlós. Ní hé amháin go bhfuil cúraimí feitheoireachta ar an múinteoir sa chlós ach tá cúraimí dochta teanga chomh maith. Uaireanta ag tús na scoilbhliana téann an fhoireann scoile ar fad amach ar an gclós i mbun feitheoireachta ag iarraidh labhairt na Gaeilge a spreagadh agus riachtanais teanga na bpáistí a aithint. Caithfidh an múinteoir a bheith ag éisteacht de shíor agus ag tabhairt airde ar an teanga atá in úsáid agus atá de dhíth ar na páistí ionas gur féidir leis an múinteoir tabhairt faoi shealbhú teanga an chlóis sa seomra ranga. Déanfaidh an múinteoir múnlú ar an teanga go dearfach ar na héilimh áirithe a thagann chun cinn, mar shampla, 'Pinch sé mise', 'Ar bhain sé tuisle asat?'. Toisc gur suíomh cumarsáide difriúil atá i gceist sa chlós caithfear freastal ar riachtanais teanga na bpáistí go foirmiúil sula dtéann siad amach ann ionas go mbeidh na straitéisí cuí ag na páistí a bheith ar a gcompord leis an teanga.
Ag eascairt ón ngéarfheitheoireacht seo a fhásfaidh polasaí láidir teanga don chlós. Is gá go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpolasaí go rialta ag cruinnithe foirne agus go mbeadh sé aontaithe ag an mbord bainistíochta agus ag tuismitheoirí.

Ullmhúchán roimh chlós

Toisc go gcreidimid go láidir nár chóir go mbeadh an Ghaeilge mar bhac ar aon pháiste sa chlós tá ullmhúchán roimh chlós chomh tábhachtach le cúrsaí clóis ann féin. Tá sé riachtanach go mbeadh freastal déanta ar an teanga a bheidh ag teastáil ó na páistí roimh ré. Nós coitianta atá in an-chuid gaelscoileanna ná go mbíonn liostaí de struchtúir chainte riachtanacha curtha le chéile ar bhonn scoile ag éirí as feitheoireacht na múinteoirí. Níl aon amhras ach go bhfuil dua ag baint leis an obair seo, ach má choimeádtar ó bhliain go bliain iad agus má roinneann múinteoirí eatarthu iad ní gá ach iad a choimeád suas chun dáta. Déantar cleachtadh orthu seo go rialta sa seomra ranga.
Tugann an clós comhthéacs réadúil do roinnt mhaith feidhmeanna teanga a bhíonn in easnamh ar na páistí ina gcuid cainte go minic. Caithfear ábhar a roghnú ar bhonn scoile agus ansin eiseamláirí atá oiriúnach agus indéanta a mhúineadh de réir ranga. Caithfidh an bhéim a bheith ar úsáid na teanga go cumarsáideach don ábhar atá roghnaithe. Mar shampla, iarratais - 'Ceangail m'iallacha le do thoil'. An féidir liom ….., timpiste, gearáin, rud caillte, rialacha, roghnú foirne, gearáin agus araile. Tá teimpléad chuige seo ar fáil ar www.pdst.ie. (sampla líonta isteach thíos). Tá Cuid 2 den fhoilseachán *'Spreag an Ghaeilge le Spraoi'* dírithe ar shealbhú na teanga don chlós. Tá forbairt déanta ar fheidhmeanna teanga do chlós na scoile ar lgh 34-41 sa cháipéis.

Amuigh sa chlós

Úsáideann roinnt scoileanna córas na gcinnirí sa scoil. Cuirtear dalta ó na hardranganna le naíonáin i rith am sosa agus am lóin dhá nó trí bhabhta sa tseachtain chun cabhrú leo súgradh i nGaeilge. Tá buntáistí sóisialta le baint as seo chomh maith le buntáistí teanga mar cuireann na páistí óga aithne ar pháistí níos sine sa scoil

agus baineann na hardranganna tairbhe as an bhfreagracht a bhaineann leis chomh fada is nach mbíonn an dualgas orthu cúig lá sa tseachtain. Bíonn duaiseanna ag scoileanna áirithe don rang is fearr chun Gaeilge a labhairt agus tugtar breis ama dóibh cluichí as Gaeilge a imirt sa chlós. An rud is tábhachtaí ná aon dea-iarracht sa chlós a mholadh agus aitheantas a thabhairt dá réir. Le linn Sheachtain na Gaeilge i ngaelscoileanna faoi leith cumann páistí sna hardranganna cluichí clóis úrnua do na bunranganna agus múineann siad dóibh conas iad a imirt. Chomh maith leis sin, má tá fuinneoga nó doirse ag faire amach ar an gclós is féidir nathanna le leid ó phictiúir a chrochadh le cabhrú leis na páistí ó thaobh an chruinnis de mar shampla, An bhfuil cead agam mo chóta a fháil? An bhfuil cead agam imirt leat? An roinnfidh tú liom?

Iarchlós

Tá sé tábhachtach labhairt leis na páistí faoin gclós go minic sa seomra ranga féachaint an mbíonn na héilimh teanga a bhíonn acu ag athrú. Ní féidir a rá minic go leor an ríthábhacht a bhaineann le haitheantas agus moladh a dháileadh ar na páistí aonair agus ar na ranganna a dhéanann iarracht mhacánta maidir le cúrsaí Gaeilge sa chlós.

Cluichí Clóis

Má tá cluichí clóis in úsáid caithfear an téarmaíocht a mhúineadh agus a chleachtadh roimh ré agus deis a thabhairt don rang triail a bhaint as sa chlós i dteannta an mhúinteora. Is ceacht foirmiúil cumarsáideach é an obair seo dar ndóigh. Tá creatlacha do phleananna ceachta bunaithe ar chluichí clóis ar fáil i gCuid 1 den fhoilsiúchán *'Spreag an Ghaeilge le Spraoi'* a chuimsíonn na trí thréimhse ceachta, difreálú, nascáil agus comhtháthú, measúnú agus féinmheastóireacht. Tá DVD ag gabháil leis an bhfoilseachán chomh maith. Tá na cluichí ar an DVD roinnte i gceithre rannóg - Rainn Scipeála, Cluichí Foirne, Rainn Ghníomhartha agus Cluichí Eile. Laistigh de gach rannóg tá físeáin a dhéanann cur síos ar na cluichí sa ghrúpa sin. Tá dhá leagan de gach físeán ann - ceann amháin do mhúinteoirí agus ceann eile do dhaltaí. Is féidir le múinteoirí féachaint ar an leagan den fhíseán atá dírithe orthu agus iad ag ullmhú don rang agus ansin is féidir leo an leagan do dhaltaí a thaispeáint sa rang chun go bhfeicfeadh na daltaí go díreach cad atá i gceist.

Samplaí de chluichí a imrítear sa chlós sa ghaelscoil:

Cén t-am é a mhactíre?
Rith sa tóir
Cluichí páirce
Deir Ó Grádaigh
Aimsigh agus Folaigh
Téad léimní
Cnónna capaill
Saoradh
Sáite sa Chré
A Gharda, A Gharda
Caith agus Síos
Leabhar ar an gCeann
Preabadh na Liathróide
Chuaigh Mamó chun an tSiopa
A Mháire Bheag
Má tá tú sásta leat féin
Isteach is Amach Trí na Cloigíní Gorma
Ceann Guaillí Glúin is Cos
Cas Timpeall
A haon, a dó a trí
Taobh Le Chéile

Laethanta Fliucha

Ag aithint go bhfuil am spraoi ag teastáil ó na páistí ar laethanta fliucha ba chóir tabhairt faoin ullmhúchán sa bhealach céanna. Is fiú cluichí cainte agus cluichí boird a chur ar fáil agus an t-ullmhúchán agus an cleachtadh cuí a dhéanamh. Mar shampla d'fhéadfaí rang foirmiúil a bhunú ar conas ficheall a imirt, cluiche a d'fhéadfaidís a imirt lá fliuch sa seomra ranga. Is comhthéacs eile teanga é seo cruthaithe laistigh den seomra ranga.

An Ghaeilge i gclós na scoile.

Roghnaigh ábhar. Roghnaigh eiseamláirí atá oiriúnach agus indéanta. Bíodh an bhéim ar úsáid na teanga go cumarsáideach don ábhar atá roghnaithe.
Mar shampla *iarratais* - Ceangail mo bhróg le do thoil, An féidir liom dul …., *timpiste, gearáin, rud caillte, plé ar ábhar suime na bpáistí, cluichí – rialacha, téarmaíocht, roghnú foirne, gearáin, cluichí sráide, téad léim* 7rl.

Ábhar:	Naíonáin	Ranganna 1&2	Ranganna 3&4	Ranganna 5&6
Iarratais	Ceangail m'iallacha le do thoil. An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?/ seasamh sa líne? An bhfuilimid ag dul amach sa chlós? Ar bhuail an clog?	An bhfuil cead agam súgradh ar an bhféar/breis ama a fháil? Ar mhaith leat súgradh liom? An mbeidh cead againn an lón beag a chríochnú nuair a théimid isteach? An mbainfidh tú an craiceann den bhanana? An bhfuil an cloigín buailte? An bhfuil cead agam a bheith chun tosaigh?	An malartóidh tú liomsa? An roinnfidh tú liom? An imreoidh tú cluiche tóraíochta? An bhfuil an t-am istigh? Teastaíonn ón múinteoir labhairt le x	An bhféadfainn mo chóta a fháil/ imeacht go dtí leithreas/súgradh/ imirt libh? Ar buaileadh an clog cheana féin? Cén fhaid atá fágtha? Cén t-am is gá dúinn an bainne a dhéanamh? Tá fuílleach ama fágtha.
Timpiste	Thit mé. Bhuail sé mé/ Bhrúigh sé mé. Timpiste a bhí ann. Tá sí ag gol/ caoineadh/ Gortaithe.	Shleamhnaigh mé. Tharraing sé cic / sonc/ buille/ orm/air/uirthi. Tá x ag cur isteach orm. Cad a tharla? An rachaidh mé go dtí an oifig? Inis do do mhúinteoir é.	Tharla sé trí thimpiste. An bhfuil tú gortaithe? Ní raibh aon bhaint agamsa leis. Tá mo chos ataithe.	D'aon ghnó a tharla sé. Tá timpiste i ndiaidh timpiste tarlaithe ansin thall. An bhfuil tú tagtha chugat féin arís? Cad faoi ndeara an troid? Tusa faoi ndeara é.
Gearáin	Níl éinne ag súgradh liom. Chaith sé seile liom. Thug sé buille dom. Ghortaigh x mé. Imigh uaim.	Ná seas os mo chomhair. Bhí x garbh liom. Ní bhfuair mé aon seans. Tá brón orm. Ná déan é sin arís. Níl fonn súgartha orm. Sheas x ar mo chos.	Tá x ag cur as dom. Ní haon scór é sin. Bhain sé liomóg asam. Níl sé ag imirt go cothrom.	Fágtar mé ar lár an t-am ar fad. Níor ghabh sé leithscéal liom. An ndéarfaidh tú le x nach bhfuil aon ghallúnach sa leithreas? Ná bí ag gabháil dom. Tá tuilleadh ama uainn.
Rud Caillte	Níl a fhios agam cá bhfuil. Chaill… Is/Ní liomsa é.	Cé a chaill/ Is le x é Níor chaill éinne é. An bhfaca éinne? Tá tú reoite.	An bhfuil cead agam a fháil amach cé leis é seo? Ní féidir liom x a aimsiú	Nílim ábalta teacht ar x.
Rialacha	Mise an tóraí. Beir greim ar x. Rugas greim ar x.	Ní raibh go leor ama againn. Níl tú ag leanúint na rialacha. Duine sa turas. Druid siar. An dtosnóimid?	Tá an t-am istigh, Cé atá ag buachan/ag cailliúint?	Níl x ag cloí leis na rialacha.

Ábhar:	Naíonáin	Ranganna 1&2	Ranganna 3&4	Ranganna 5&6
Roghnú Foirne	Tá mise leis an bhfoireann seo. Piocaim x. Do sheans anois.	Beidh an chéad rogha agamsa. Tá tú gafa. An bhfuil cead agam a bheith i gceannas?	Cén treo ina bhfuilimid ag imirt?	An bhfuil cead agam na foirne a roghnú?
Téarmaíocht	Cúl, foireann, pas, caith Bhuaigh mé	Cé atá sa tóir? Chun tosaigh Ar cúl /i lár baill Ar comhscór Thar an trasnán Isteach sa líontán greamadain	Tá beirthe ort. Is é Gearóid captaen na foirne. Ag barr na sraithe. Bhí caitheamh isteach ann. Thug se cic ón gcúinne. Tá an t-ádh leat. An chéad áit Sa dara háit Sa tríú háit	Níl sé san áireamh. Tá buaite againn/ orainn. i lár na páirce na tosaithe/lán/leath na cúlaithe lánchúlaí/ leathchúlaí Buail lascadh air. Rinneadh feall/ calaois air. Bhí sé ar seachrán. An cúl báire/bádóir Is é x an duine is tapúla/ imreoir den scoth. Rinne sé an tsábháil. Cic/ puc éirice/ sleasa saor/ pionóis Bhíomar ar comhtharrac an t-am go léir.
Ábhar Suime	Táimse ag dul go teach mo chara/ cóisir inniu. Chuireamar an crann Nollag in airde . Cén sórt ceapaire atá agat?	An bhfaca tú an cluiche ar an teilifís aréir? Tá x chun mise a bhailiú inniu. An bhfuil culaith Man U agat? Bailím cártaí x An malartóidh tú carta de x le haghaidh cárta de y? Bhíomar ag téad léimneach.	Táim ag tabhairt cuairt ar x i ndiaidh na scoile. Cad a cheap tú den chúl? Is iad x an popghrúpa is fearr liom. Is é/ is í an príomhamhránaí. Bhí mé ag pléascadh gáire nuair... Tháinig fuar-allas amach trím nuair...	Tá mé ag gabháil x. Cluiche maith dian is an dá fhoireann cothrom go maith. Níl puinn fuachta ann. Cad is dóigh leat faoi x? Táim ag tnúth go mór le x.

Críoch

Tá dúshláin roimh na gaelscoileanna maidir le polasaí Gaeilge a fheidhmiú ina scoileanna féin. Is gá an polasaí a chur le chéile, a chur i bhfeidhm, athbhreithniú rialta a
dhéanamh air agus athruithe cuí a fheidhmiú de réir mar is cóir. Tá sé riachtanach na páirtithe uile atá bainteach leis an ngaelscoil a thógáil san áireamh sa phróiseas seo nuair atá sé á chur i bhfeidhm – an príomhoide, na múinteoirí, an bord bainistíochta, na daltaí, na tuismitheoirí, an fhoireann bhreise agus an pobal níos leithne a bhíonn ag déileáil leis an scoil.

Ba cheart freagrachtaí praiticiúla a thabhairt dóibh leis an bpolasaí a chur i gcrích. Leis seo, tuigfidh siad go mbaineann an polasaí leo chomh maith. Tá sé tábhachtach go léireodh aon pholasaí Gaeilge go n-úsáidtear an teanga mar theanga chumarsáide agus go léireofaí go bhfuil úsáid le baint aisti lasmuigh den scoil féin. Tá sé seo mar thosaíocht leis an mbearna atá ann idir cumas agus úsáid na teanga a ghiorrú. Is gá an teanga shóisialta agus shúgartha a mhúineadh do na daltaí i dtreo is go mbeidh sé ar a gcumas í a úsáid taobh amuigh den seomra ranga. Is sa chlós a bhíonn deis ag na daltaí a gcuid Gaeilge a úsáid go nádúrtha agus mar sin is í sin an áit inar cheart do scoileanna a chinntiú go bhfuil an Ghaeilge acu chun é seo a dhéanamh. Is ansin chomh maith a tharlóidh normalú na Gaeilge. Cabhróidh ranganna Gaeilge le tuismitheoirí cúnamh a thabhairt leis an bhforbairt teanga seo agus lena suim féin sa teanga a threisiú. Is gá go mbeadh siad páirteach i bhforbairt an pholasaí le go gcabhródh siad leis an scoil é a chur i gcrích.

Baineann an polasaí Gaeilge leis an scoil féin. Sa lámhleabhar seo cuireadh eolas agus treoir ar fáil maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa ghaelscoil ach is faoi gach scoil
a polasaí féin a dhearadh agus a chur i bhfeidhm de réir mar a oireann sé don scoil sin. Cabhróidh polasaí láidir leis an scoil an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga inúsáidte
agus cabhróidh sé le daltaí bheith bródúil aisti. Má éiríonn linn é sin a dhéanamh mar earnáil, beidh pobail nua labhartha na Gaeilge á gcruthú againn a neartóidh an teanga sa
todhchaí. Bainigí sult as an dúshlán!

Leabharliosta

Foinsí Clóite

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, (2010) *Riachtanais Speisialta Oideachais i scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar mheán,* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta agus Pobal.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta , (2009) *Séideán Sí,* Baile Átha Cliath, An Gúm.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, (1999) *Curaclam na Bunscoile,* Baile Átha Cliath, Foilseacháin Rialtais.

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, (2010) *Spreag an Ghaeilge le Spraoi,* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Baker , C., and Prys Jones, S (1998) *Encyclopaedia of Bilingualism and Bilingual Education,* Clevedon: Multilingual Matters.

Baker, C., (2000) *The Care and Education of young Bilinguals,* Clevedon: Multilingual Matters.

Bialystock, E., (2007) *Acquisition of Literacy in Bilingual Children: A framework for Research. Language Learning,* 57:suppl.1, 45-77.

Cummins, J. (1984) *Bilingualism and special education: Issues in assessment and pedagogy,* Clevedon: Multilingual Matters.

Kenner, C. and Gregory, E. (2003) *Becoming Biliterate* In Hall, N., Larsen, J. and Marsh, J. (Eag.) Handbook of Early Childhood Literacy (lch 178-188) London: Sage.

Mac Corraidh, S., (2008) *'Gearrchosáin chomhairle ar fhoghlaim agus ar theagasc sa Ghaelscolaíocht',* Comhairle na Gaelscolaíochta.

Máirtín, C., (2006) *Soláthar Múinteoirí do na Bunscoileanna lán-Ghaeilge,* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Mhaoláin, N., (2005) *Ár bPolasaí Gaeilge,* Gaeloideachas

Ní Shéaghdha, A., (2010) *Taighde ar Dhea-chleachtais Bhunscoile i dtaca le Saibhriú /Sealbhú agus Sóisialú Teanga do Dhaltaí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga,* An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Duibhir, P.& Ní Bhaoill, M.(2004) *Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge,* An Chomhairle Um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Ó hAiniféin, D.,(2008) *An Tumoideachas in Éirinn,* Coiscéim agus Conradh na Gaeilge.

Foinsí Leictreonacha

Aistear - http://www.ncca.ie/ga/Curaclaim_agus_Measúnacht/Oideachas_Luath-Óige_agus_Bunscoile/Oideachas_LuathÓige/Creat_don_Luathfhoghlaim/Aistear_Creatchuraclam_na_Luath-Óige.html

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna i dTuaisceart Éireann *Athbhreithniú ar Ghaelscolaíocht Tuarascáil* - http://www.pobal.org/uploads/images/2009.1.1.%20review%20irish%20medium%20education%20(Irish).pdf

An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta - www.cogg.ie

An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) - www.pdst.ie

An Traein (http://www.gaeloideachas.ie agus www.naionraí.ie)

An Tumoideachas i gcomhthéacs na Gaeilge agus na Gaelscolaíochta. Comhpholasaí an Ghrúpa Stiúrtha ar Pholasaí Tumoideachais. (GSPT)
www.irishmediumeducation.ie/assets/polasai-tumoid.pdf

CNCM (2007a) Language and Literacy in Irish-medium Primary Schools. Supporting school policy and practice January 2007 Ar fáil ag http://www.ncca.ie/uploadedfiles/publications/LL_Supporting_school_policy.pdf

Comhluadar - www.comhluadar.ie

Féasta Focal, An Clár Luathléitheoireachta, www.nicurriculum.org

Gaelchultúr - http://www.gaelchultur.com

Ionduchtú Múinteoirí - http://www.teacherinduction.ie/

Síolta - http://www.siolta.ie/

Straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010-2030 www.coimisineir.ie/downloads/STRAITEIS.pdf

Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta don Fhoghlaim agus don Saol 2011 – 2020
http://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/lit_num_strategy_full_ir.pdf